



Údarás na
Gaeltachta



Straitéis Forbartha Fiontar Sóisialta



Seachas aon cheantar tuaithe eile in Éirinn, fágann stair forbartha pobail na Gaeltachta go bhfuil an Ghaeltacht breac le fiontair shóisialta. Cé gur thosaigh go leor den 33 eagraíocht forbartha pobail atá faoi chúram Údarás na Gaeltachta amach ag déileáil le haidhm amháin, soláthar poiblí uisce mar shampla, tá éabhlóidiú suntasach déanta acu le roinnt blianta.

Tá siad anois ag neartú na Gaeltachta trí chéile, chomh maith le neartú a gcuid pobail féin, ó tharla a gcuid spriocanna bheith ailínithe le straitéis Údarás na Gaeltachta. Ó Oileán Chléire go hOileán Thóraigh, feiceann muid samplaí maithe den fhiontraíocht shóisialta, ar nós tograí turasóireachta, bainistiú ionaid gteic, feidhmiú pleananna teanga agus forbairt tograí fuinnimh inathnuaite. Tá comharchumainn Ghaeltachta ag feidhmiú coláistí samhraidh, ag bunú drioglainne agus ag múineadh ceoil, ar fad ar mhaithe le brabach a dhéanamh gur féidir a infheistiú ina gcuid pobail Gaeltachta.

Is deis luachmhar í an fhiontraíocht shóisialta, sa mhéid agus go dtugann sí an chumhacht do na pobail iad féin a neartú, iad ag cur seirbhísí breise ar fáil, ag cruthú brabach agus fostaíocht, agus ag láidriú na heagrais forbartha pobail féin. Leagan an Straitéis nua seo amach an bóthar chun cinn i dtaobh an fhiontraíocht shóisialta sa Ghaeltacht a neartú, agus tá Údarás na Gaeltachta ag súil le tógáil ar an gcaidreamh láidir idir muid agus an earnáil pobalbhunaithe ar mhaithe lenár gcuid spriocanna roinnte a bhaint amach i dtaobh todhchaí na Gaeltachta agus na Gaeilge inti.



Micheál Ó hÉanaigh,
Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta

Clár

Réamhrá agus comhthéacs	5
1.1. Réamhrá	6
Comhthéacs beartais	9
2.1. Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021–2025	10
2.2. Comhthéacs an Bheartais Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta	12
2.3. An comhthéacs beartais Eorpaigh	14
Torthaí an phróisis comhairliúcháin	18
3.1. Deiseanna le haghaidh forbairt fiontar sóisialta	19
3.2. Dúshlán	21
3.3. An bonneagar tacaíochta a theastaíonn le haghaidh forbairt fiontar sóisialta	22
3.4. An bonneagar tacaíochta atá ann cheana	23
3.5. Na riachtanais shonracha tacaíochta atá ag fiontair shóisialta	25
3.6. Láidreachtaí, laigí, dúshlán agus bagairtí (LLDB)	28
3.7. Conclúidí	29
Plean gníomhaíochta straitéiseach	30
4.1. Príomhthoimhdí	31
4.2. Aidhmeanna straitéiseacha	32
4.3. Príomhtháscairí Feidhmíochta	38
4.4. Cur i bhfeidhm	39
Cás-staidéir	41
Comharchumann Turasóireachta Árainn Mhór	42
Comharchumann Thoraí	46
Cill Ula	50
Forbairt Fhánada	54
Ionad Deirbhile	58
Ionad Cuimhneacháin na nImirceach	62
Comharchumann Mhic Dara	66
Áras Éanna	70
Coláistí Chorca Dhuibhne	74
Comharchumann Forbartha Mhúscraí	78
Drioglann Inis Chléire	82
Aguisín	86
Soláthar	86
Aguisín 2 Achoimhre ar Phróifíl na bhfiontar sóisialta	88

Liosta acrainmneacha	
CE	Fostaíocht Pobail
CFS-G	Clár Fiontraíochta Sóisialta na Gaeltachta
CSP	An Clár Seirbhísí Pobail
DAF	Ciste na gCuntas Díomhaoin
DRCD	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
ILDN	Líonra Forbartha Áitiúla na hÉireann
LCDC	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
LDC	Cuideachta Forbartha Áitiúli
LECP	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
LEO	Oifig Fiontair Áitiúil
SICAP	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
WISE	Fiontar Sóisialta maidir le Dlúthchóiriú ar an Margadh Saothair

1

Réamhrá agus comhthéacs



Réamhrá agus comhthéacs

1.1. Réamhrá

Sa Bheartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022, sainmhínítear ‘fiontar sóisialta’ mar seo a leanas:

Is ionann Fiontar Sóisialta agus fiontar a bhfuil toradh sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil d’aidhm leis seachas brabús a ghnóthachtáil d’úinéirí nó do gheallsealbhóirí.

Tugtar faoi na haidhmeanna sin a bhaint amach trí dhul i mbun trádála go seasta leanúnach trí earraí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil agus trí athinfheistiú a dhéanamh ar bharrachas, ar mhaithe leis na haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích.

Déantar é a rialú ar bhealach freagrach follasach agus tá sé neamhspleách ar an earnáil phoiblí. Má dhéantar é a fhoirceannadh, ba cheart na sócmhainní a aistriú go dtí eagraíocht eile ag a bhfuil misean den chineál céanna.

D’fhorbair Údarás na Gaeltachta an straitéis fiontar shóisialta seo don Ghaeltacht, le tacaíocht ó Method Consultants, ar speisialtóirí san fhorbairt fiontar sóisialta iad.

Is é Údarás na Gaeltachta an Ghníomhaireacht Forbartha Stáit a bhfuil freagracht uirthi as forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha réigiúin Ghaeltachta na hÉireann. Is é cuspóir foriomlán Údarás na Gaeltachta a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar an bpríomhtheanga phobail sa Ghaeltacht agus go dtabharfar í ar aghaidh do na glúnta atá le teacht. Féachann an tÚdarás leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí raon leathan tionscnamh a bhfuil mar aidhm leo fiontar a fhorbairt agus poist a chruthú a mhaoiniú agus a chothú agus trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teanga, cultúrtha agus pobalbhunaithe.

Tá sé mar aidhm le straitéis forbartha pobail Údarás na Gaeltachta cur ar chumas na bpobal Ghaeltachta a n-acmhainní áitiúla a fhorbairt agus a bharrfheabhsú agus tabhairt faoi raon fiontar sóisialta. Aithníonn an tÚdarás gur fite fuaite ina chéile atá forbairt gheilleagrach, caomhnú cultúir, feabhsú teanga agus cruthú post agus go bhfuil siad ina gcuid dhílis d’fhorbairt inbhuanaithe agus cothabháil pobal inmharthana Ghaeltachta. Tairgeann an tÚdarás raon scéimeanna agus tionscnamh chun tacú le pobail Ghaeltachta, agus iad a chumasú, páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a bpobal.

Oibríonn Aonad Forbartha Pobail na heagraíochta i ndlúth-chomhpháirt agus i ndlúthchomhar le 35 comharchumann agus eagraíocht forbartha pobail fud fad na Ghaeltachta, rud a chabhraíonn leo clár oibre comhaontaithe forbartha pobail a sholáthar ina limistéar féin.

Réamhrá agus comhthéacs

Tá na heagraíochtaí sin ina gcuid dhílis de straitéis gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha Údarás na Gaeltachta a chur chun feidhme. Imríonn siad ról lárnach sa gheilleagar sóisialta a chur chun cinn i réigiúin éagsúla Ghaeltachta freisin. Tá na heagraíochtaí ilchuspóra sin, mar aon le heagraíochtaí pobail sainchuspóra eile, i gceannas ar raon tionscadal forbartha fiontar agus forbartha sóisialta sa Ghaeltacht.

Tugann an tÚdarás deontais reáchtála agus riaracháin do gach ceann de na 35 eagraíocht, mar aon le tacaíochtaí eile amhail socrúcháin ar scéimeanna fostaíochta sóisialta agus tacaíochtaí sonracha deontais tionscadail ó am go chéile (deontais chaipitil, deontais oiliúna, etc.), más ábhartha nó má tá siad incháilithe le haghaidh iad a fháil. Tá baint dhíreach nó indéireach ag an-chuid de na Comharchumainn agus na heagraíochtaí forbartha pobail sin le tionscadail frontair shóisialta a chur chun cinn agus/nó a sholáthar mar chuid dá gclár oibre. Dar le suirbhé a rinneadh sa bhliain 2020, bhí 93 fhostaí lánaimseartha agus 79 bhfostaí pháirtaimseartha á bhfostú i gcomharchumainn pobail agus in eagraíochtaí forbartha pobail a fhaigheann maoiniú ón Údarás.

Chomh maith leis sin, tugann an tÚdarás tacaíocht do raon tionscadal forbartha pobail Gaeltachtbhunaithe a fhaigheann bunmhaoiniú ó POBAL faoin gClár Seirbhísí Pobail. Soláthraíonn na tionscadail sin tionscadail frontair shóisialta sa Ghaeltacht mar chuid dá gclár oibre agus faigheann siad tacaíocht ón Údarás trí shocrúcháin ar scéimeanna fostaíochta sóisialta agus trí thacaíochtaí sonracha deontais tionscadail (deontais chaipitil, deontais oiliúna, etc.), má tá siad incháilithe le haghaidh iad a fháil.

Riarann an tÚdarás roinnt scéimeanna fostaíochta sóisialta lena dtacaítear le forbairt fiontar sóisialta. Áirítear leo sin:

- An Scéim Fostaíochta Pobail
- An Scéim Shóisialta Tuaithe
- Scéim Tús
- Tús Nua

I dteannta a chéile, glacann 1,000 duine san iomlán páirt sna scéimeanna thuas ar fud na réigiún Gaeltachta.

Soláthraíonn an tÚdarás maoiniú chun tacú le grúpaí réamhscoile, le clubanna óige agus le hionaid seirbhíse ealaíon agus teanga. Oibríonn sé leis na struchtúir phobail áitiúla trí na scéimeanna éagsúla fostaíochta sóisialta chun cur le bonneagar sóisialta na Gaeltachta agus chun an soláthar seirbhísí do dhaoine scothaosta a chinntiú.

Aithníonn an tÚdarás an ról tábhachtach atá á imirt ag grúpaí forbartha atá freagrach as tionscadail éagsúla forbartha pobail ina limistéar féin. Mar shampla, bhí baint ag na grúpaí sin le seirbhísí áitiúla agus bonneagar áitiúil a fhorbairt agus le tionscadail in earnálacha ar nós an turasóireacht agus an fhiontraíocht. Tugann an tÚdarás tacaíochtaí éagsúla do na hearnálacha tábhachtach sin.

Réamhrá agus comhthéacs

I bhfómhar na bliana 2019, d'ullmhaigh an tÚdarás iarratas rathúil ar mhaoiniú chun clár oiliúna agus meantóireachta fiontar shóisialta a sholáthar (ar riar Pobal é agus a maoiniódh faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail). Bhí an clár sin ar an gcéad chéim dá straitéis forbartha fiontar shóisialta. Áiríodh leis mionanailís bhonnlíne ar riachtanais na hearnála. Sainaithníodh sa chlár oiliúna agus tacaíochta na riachtanais sa todhchaí agus an acmhainneacht le haghaidh gníomhaíocht fiontar shóisialta sa Ghaeltacht.

Cuirtear leis an obair sin trí ullmhú na straitéise seo, agus forbraíodh í mar thoradh ar phróiseas fairsing comhairliúcháin leis na grúpaí/geallsealbhóirí seo a leanas:

- Foireann Údarás na Gaeltachta
- Comharchumainn Phobail agus Eagraíochtaí Forbartha Pobail a fhaigheann deontas reáchtála ón Údarás
- Fiontar shóisialta a mhaoinítear faoin gClár Seirbhísí Pobail i limistéir Ghaeltachta
- Coistí Deonacha Forbartha Pobail a fhreastalaíonn ar phobail Ghaeltachta.
- Cuideachtaí forbartha áitiúla, gníomhaireachtaí forbartha fiontar agus údaráis áitiúla i limistéir Ghaeltachta
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Cuireadh tús leis na comhairliúcháin sin le linn thréimhse an chlár oiliúna agus tacaíochta d'fhiontar shóisialta ar thug an tÚdarás faoi sa bhliain 2020, agus baineadh leas as an gclár sin agus as a chuid torthaí chun eolas a bhailiú don straitéis seo.

2

Comhthéacs beartais



Comhthéacs beartais

Forbraíodh an straitéis seo i gcomhthéacs leathan na mbeart beartais áitiúil agus náisiúnta agus tá sí ailínithe leo sin. Tá siad sin leagtha amach thíos.

2.1. Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021–2025

Tá sé mar aidhm le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025 pobail Ghaeltachta atá faoi bhláth agus inbhuanaithe agus inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga phobail a chothú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus é mar aidhm uileghabhálach aige an Ghaeltacht a fhorbairt mar réigiún cruthaitheach, nuálach agus inbhuanaithe. I gcoílár na Straitéise tá trí phríomhthéama a bheidh ina mbunús d'obair na heagraíochta agus atá fite fuaite sa chur chuige a ghlacfar leis an bhfís atá leagtha amach ag an Údarás a thabhairt chun fóire. Tá na téamaí sin mar seo a leanas:

- **Cumasú:** Ag cur na ndeiseanna agus na n-acmhainní ar fáil do dhaoine, don phobal agus do ghnólachtaí chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh
- **Nearthú:** Ag láidriú agus ag treisiú an bhonneagair dhaonna, teanga, cultúir, gheilleagraigh agus pobail sa Ghaeltacht
- **Inbhuanaitheacht:** Ag tacú le forbairt na limistéar Gaeltachta ar bhealach atá seasmhach agus airdeallach ar an timpeallacht chultúir agus gheilleagrach agus ar an gcomhshaol ina maireann muid.

Príomhspríocanna

Shainnaithin Údarás na Gaeltachta an **dá phríomhspríoc** (agus cúig spríoc straitéiseacha) seo a leanas:

- *Príomhspríoc Pleanála Teanga* – Pleananna teanga a bheith á bhfeidhmiú i 26 limistéar pleanála teanga agus i 3 bhaile seirbhíse Gaeltachta faoi dheireadh 2025.
- *Príomhspríoc Fostaíochta* – 9,000 duine a bheith fostaithe i gcliantchomhlachtaí sa Ghaeltacht faoi dheireadh 2025.

Is iad seo a leanas na **cúig spríoc straitéiseacha**:

1. An Ghaeltacht mar áit ina bhfuil pobail láidre inbhuanaithe teanga
2. An Ghaeltacht mar áit atá tarraingteach do dhaoine le bheith ag maireachtáil ann
3. An Ghaeltacht mar áit ina bhfuil spiorad na fiontraíochta á chur chun cinn go láidir agus ina bhfuil fonn ar fhiontraithe gnólacht a bhunú, a lonnú agus a fhás
4. An Ghaeltacht mar áit shainiúil bheo atá aitheanta agus tarraingteach ó thaobh an chultúir, na n-ealaíon agus na turasóireachta de
5. An Ghaeltacht mar áit ina bhfuil táirgí, seirbhísí agus eispéiris d'ardchaighdeán á gcur ar fáil agus ina bhfuil teacht ag pobal uile na Gaeltachta orthu

Tá an acmhainneacht atá ag fiontair shóisialta chun rannchuidiú le spríocanna straitéiseacha an Údaráis le feiceáil sna sleachta seo a leanas ón bplean straitéiseach. Áirítear leo sin na gníomhartha seo a leanas lena mbainfear na spríocanna straitéiseacha thuas amach trí na nithe seo a dhéanamh:

Comhthéacs beartais

- Béim a chur ar dhaoine óga a chumasú chun bheith ina bhfiontraithe agus ina gceannairí pobail. Déanfar é seo i gcomhpháirt le scoileanna, Muintearas/Óige na Gaeltachta, grúpaí óige agus páirtithe leasmhara eile (*Spríoc Straitéiseach 1, lch 24*);
- Bunchloch shocheacnamaíoch a fhorbairt sa Ghaeltacht, ag cothú eagrais forbartha pobail agus eile, chun cur le seirbhísí agus gníomhartha pobail trí fhiontraíocht shóisialta, ag glacadh réimsí cosúil le fuinneamh in-athnuaite, an earnáil dhigiteach agus áiseanna turasóireachta san áireamh (*Spríoc Straitéiseach 1, lch 24*);
- Gréasán áiseanna fóillíochta, bunaithe ar acmhainní nádúrtha, a fhorbairt trasna na Gaeltachta, i gcomhpháirt leis na heagrais forbartha pobail agus le páirtithe leasmhara eile (*Spríoc Straitéiseach 2, lch 25*);
- Straitéis fiontraíochta sóisialta a fhorbairt ar mhaithe le heagrais phobalbhunaithe a chumasú chun tabhairt faoin bhfiontraíocht shóisialta/phobalbhunaithe (*Spríoc Straitéiseach 3, lch 26*);
- Áiseanna ealaíne agus turasóireachta a fhorbairt i gcomhpháirt le heagraíochtaí pobalbhunaithe agus le heagraíochtaí Stáit (*Spríoc Straitéiseach 4, lch 27*).

Sainaithnítear an **fiontar sóisialta** mar earnáil fáis sa straitéis, a n-áirítear an gealltanas seo a leanas léi:

Cuirfear leis an obair atá ar siúl ag an Aonad Forbartha Pobail, a thacaíonn leis na heagrais phobalbhunaithe a gceantair a chur chun cinn. Cuirfear béim ar na heagrais forbartha pobail a chumasú i dtaobh fiontar sóisialta a fhorbairt agus féachfar le straitéis Ghaeltachta i leith na fiontraíochta sóisialta a fhoilsiú. Tá an tÚdarás chun cinn san earnáil seo ó thús trí na Comharchumainn/eagraíochtaí forbartha pobail go príomha agus beifear ag díriú ar an ngné seo a láidriú le linn thréimhse na Straitéise seo. Beifear ag obair le páirtithe leasmhara eile atá ag feidhmiú san earnáil seo freisin chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí cuí ar fáil do na pobail Ghaeltachta chun freastal ar a bpobail féin. (lch 34)

Ina theannta sin, sainaithnítear sa straitéis **seacht dtogra straitéiseacha** a ndéanfar dul chun cinn orthu le linn thréimhse na straitéise. Tá roinnt díobh sin ábhartha d'fhorbairt fiontar sóisialta agus tá breac-chuntas ar cheithre cinn díobh thíos:

- **gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta:** Gné lárnach den Straitéis is ea bunú a dhéanamh ar Mhoil Dhigiteacha ag a bhfuil 31 ionad nuálaíochta agus fiontair lena ngabhann nascacht leathanbhanda ardluais agus atá ag oibriú ar fud na Gaeltachta.
- **Gaeltacht Ghlas:** tabharfar faoi chlár cuimsitheach tionscnamh agus gníomhartha chun an sprioc seo a bhaint amach, a mbeidh laghdú ar úsáid charbóin mar thoradh air agus a chuirfidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite chun cinn.

Comhthéacs beartais

- **Páirc na Mara:** Cuirfear tús leis an áis thábhachtach inbhuanaithe seo a thógáil agus margaíocht a dhéanamh uirthi le linn thréimhse na straitéise seo, agus cruthófar deiseanna d'fhiontraíthe agus d'fhostaithe an cheantair dá bharr.
- **Tograí Turasóireachta Straitéiseacha:** Forbrófar tograí turasóireachta chomh maith le táirgí turasóireachta agus pacáistí turasóireachta ar fud na Gaeltachta agus déanfar margaíocht orthu sa bhaile agus i dtíortha eile. Leanfaidh an tÚdarás le hinfheistiú sa Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta chun a chinntiú go mbeidh daoine oilte ar fáil don earnáil sin. Gné thábhachtach de thograí a fhorbairt in earnálacha éagsúla is ea Branda na Gaeltachta a fhorbairt.

2.2. Comhthéacs an Bheartais Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta

Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an **Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022**, an chéad bheartas dá leithéid de chuid na hÉireann riamh. Tá an beartas mar chuid de shraith tionscnamh beartais a chomhlánóidh an dá straitéis seo ón Roinn: *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024*¹ agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021-2025*². Is bunaithe ar thrí chuspóir atá an beartas maidir le fiontraíocht shóisialta:

- Aird agus tuiscint ar fhiontraíocht shóisialta a chothú
- Fiontar sóisialta a chothú agus a neartú
- Comhleanúnachas beartais níos fearr a bhaint amach

Tá 26 bheart san iomlán ann faoi na trí chuspóir sin. Ceann de na chéad bhearta a cuireadh chun feidhme ba ea clár oiliúna agus meantóireachta fiontar shóisialta. Bhí Údarás na Gaeltachta ar cheann de 14 eagraíocht a roghnaíodh in Éirinn chun oiliúint agus meantóireacht a sholáthar d'fhiontar shóisialta.

01. Seoladh an beartas seo sa bhliain 2019. Is í an fhís atá leis: 'Pobail bhríomhara, inbhuanaithe, uilechuimsitheacha, chumhachtaithe agus fhéinchinntitheacha a chruthú a thacaíonn le folláine shóisialta, chultúir agus eacnamaíochta na mball go léir iontu'. Leagtar amach sna straitéisí 11 chuspóir chun uailmhianta an phlean a bhaint amach, atá mar a leanas: a chinntiú go gcuirfear ar chumas pobal teacht ar chomhthuiscint ar a riachtanais féin; go dtabharfar deis do na daoine sa phobal a bheith rannpháirteach sna cinntí a mbíonn éifeacht acu ar an bpobal agus tionchar a imirt ar na cinntí sin; go mbeidh breithniú ar an luach sochaíoch agus ar riachtanais an phobail mar bhonn agus thaca ag tacaíochtaí Rialtais do phobail; go dtabharfar tacaíocht do phobail ag earnáil phobail agus dheonach atá bríomhar agus faoi bhláth agus ag cultúr saorálaíochta; agus go soláthrófar seirbhísí ardchaighdeán bunaithe ar chomhpháirtíocht phobail-reachtúil. <https://assets.gov.ie/26890/ff380490589a4f9ab9cd9bb3f53b5493.pdf>

02. Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021-2025 fíis fhadtéarmach le haghaidh saorálaíochta agus saorálaithe in Éirinn. Tá sé mar chuspóir léi aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don luach uathúil agus an cúnamh a thugann saorálaithe do shochaí na hÉireann agus é a chur chun cinn, agus tá sí comhdhéanta de chúig chuspóir ardleibhéil agus de 56 ghníomh ghaolmhara. Is iad seo na cúig chuspóir straitéiseacha: 1) An rannpháirtíocht agus an éagsúlacht sa tsaorálaíocht a mhéadú, lena n-áirítear glacadh le treocheaí nua agus le nuálaíocht; 2) Tacaíocht a thabhairt don timpeallacht saorálaíochta agus í a éascú agus a fhorbairt chun go rannchuideoidh sí le pobail bhríomhara inbhuanaithe; 3) An luach agus an tionchar atá ag saorálaithe agus ag gach cineál saorálaíochta a aithint, a cheiliúradh agus a chur in iúl; 4) Saorálaíocht idirnáisiúnta atá eitiúil agus scilbhunaithe a chur chun cinn chun torthaí a sholáthar do thairbhíthe agus chun an tSaoránacht Dhomhanda in Éirinn a fheabhsú; agus 5) Feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas beartais maidir leis an tsaorálaíocht ar fud an Rialtais náisiúnta agus an rialtais áitiúil araon. <https://www.gov.ie/en/publication/3cba6-national-volunteering-strategy/>

Comhthéacs beartais

Sonraítear sa bheartas náisiúnta na cineálacha fiontar shóisialta seo a leanas:

- Fiontair Shóisialta maidir le Dlúthchóiriú ar an Margadh Saothair, a chuidíonn le daoine atá faoi mhíbhuntáiste ullmhú don mhargadh saothair agus bheith páirteach ann.
- Fiontair shóisialta um Fhorbairt Fiontar a thacaíonn le fiontair eile a chruthú (e.g., trí spás oifige agus saoráidí oifige a sholáthar).
- Fiontair shóisialta mar gheall ar 'Éileamh Éagmaise', a fhéachann le héileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a shásamh i gcomharsanacht nach bhfuil dóthain éilimh ann go ndéanfaidh an gnáthmhargadh freastal air de bharr míbhuntáiste geilleagrach agus sóisialta nó daonra íseal.
- Fiontair shóisialta thimpeallachta a dhíríonn ar inbhuanaitheacht timpeallachta.
- Fiontair shóisialta atá conraithe leis an earnáil phoiblí chun seirbhísí poiblí a sholáthar i limistéir agus pobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Comhlánaítear an beartas náisiúnta le beartais amhail **Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann**, arb é beartas forbartha tuaithe na hÉireann 2021-2025 é. Aithnítear ann an ról atá ag fiontair shóisialta i ngeilleagair thuaithe agus an acmhainneacht atá acu chun bearnaí a líonadh i margaí nach bhfuil tarraingteach do chuideachtaí atá dírithe ar an tráchtáil. Cuirtear síos ar Ghníomh 30 mar seo a leanas: 'sraith beart nua a sheachadadh chun tacú le Fiontair Shóisialta a fhorbairt i gceantair thuaithe chun a dtionchar sóisialta, geilleagrach agus comhshaoil a mhéadú agus chun cur le poist a chruthú sa limistéar áitiúil'. Gealltar ann freisin go ndéanfaí 'leathnú ar an úsáid a bhaintear as conarthaí soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta, nuair is féidir, a spreagfaidh rannpháirtíocht fiontar sóisialta agus eagraíochtaí an gheilleagair chiorclaigh'.

Ar na forbairtí beartais náisiúnta atá ábhartha tá **Obair ar son an Athraithe – straitéis fiontair shóisialta agus fostaíochta 2021-2023**, rud a sheol an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mí na Samhna 2020. Tá sé mar aidhm léi cur leis an líon deiseanna fostaíochta atá ar fáil do dhaoine a bhfuil ciontuithe coiriúla acu. Áirítear léi ciste KickStart chun tacú le forbairt fiontar shóisialta. Faoi straitéis sin, ghabh an Roinn Dlí agus Cirt uirthi clásail um Sholáthar Poiblí atá Freagrach go Sóisialta a thabhairt isteach i gconarthaí.³

Is éard is an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (**SICAP**) ann ná idirghabháil thábhachtach do phobail faoi mhíbhuntáiste, a chuireann tacaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail áitiúil araon agus a bhfuil d'fheidhm aige tacú le fiontair shóisialta. Tá 14 eagraíocht ann a chuireann SICAP i bhfeidhm sa Ghaeltacht.⁴

03. Tá suíomh Gréasáin tiomnaithe ann don straitéis:
<https://www.workingtochange.ie/>

Comhthéacs beartais

Sa **Phlean Gnímh don Aeráid** agus an **Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite** a foilsíodh le déanaí, tá forálacha sonracha pobail ann atá ábhartha d'fhiontair shóisialta. Soláthraíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann raon tacaíochtaí san earnáil seo, lena n-áirítear Pobail Fuinnimh Inmharthana. Tá sé mar aidhm leis an **bPlean Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Gilleagar Ciorclach** de chuid na hÉireann an aird a dhíriú ó dhiúscairt dramhaíola agus tá sé beartaithe aige acmhainní a chaomhnú trí gheilleagar ciorclach a chruthú. Tá sé beartaithe ag an rialtas Straitéis Uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach a dhréachtú sa bhliain 2021. Tugtar le fios i staidéar a rinne an Biúró Eorpach Comhshaoil le déanaí go bhféadfadh go gcruthófaí 180,000 post san earnáil athúsáide san Eoraip faoin mbliain 2030.⁵

2.3. An comhthéacs beartais Eorpaigh

Tá **Tionscnamh Gnó Shóisialta** (2011) an Choimisiúin Eorpaigh ar cheann de na tionscnaimh is suntasaí de chuid an Aontais Eorpaigh le blianta beaga anuas ó thaobh tacú le fiontair shóisialta agus le nuálaíocht shóisialta de. Aithníodh leis sin an méid a chuireann fiontair shóisialta leis an gcuimsiú, leis an inbhuanaitheacht agus leis an nuálaíocht shóisialta, chomh maith leis na bacainní a mbíonn an earnáil ag déileáil leo a thabhairt chun solais ag an am céanna. Ar na bearta tacaíochta bhí micreamhaoiniú agus tacaíochtaí chun teacht ar dheiseanna soláthair phoiblí.

Sa bhliain 2016, trasúidh an leagan athbhreithnithe den **Treoir maidir le Soláthar Poiblí** (2014/24/AE) i ndlí na hÉireann. Feabhsaítear léi forálacha soláthair shóisialta (e.g., conarthaí forchoimeáda, 'bearta' conartha níos lú, agus soiléireacht maidir le tosca sóisialta a chur san áireamh sna critéir dhámhachtana). Gabhann acmhainneacht shuntasach le conarthaí poiblí⁶ a úsáid chun forbairt gheilleagrach a bhrú chun cinn, ós rud é go bhfuil caiteachas na n-údarás poiblí freagrach as thart ar 16% den olltáirgeacht intíre.⁷ Tugtar gealltanais sna bearta beartais iarthachtacha thuas (Obair ar son an Athraithe, agus Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann) go dtacófaí le soláthar sóisialta. Áirítear leis an **mBeartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn** gníomhartha chun cuidiú le cothú acmhainne maidir le próisis soláthair i bhfiontair shóisialta trí cheardlanna agus bearta oiliúna (Gníomh 16); gealltanais go n-oibreofaí le geallsealbhóirí chun bealaí a aimsiú ina bhféadfaí feabhas a chur ar na deiseanna a bhainfeadh leis an slabhra soláthair gnólacht le gnólacht ag fiontair shóisialta agus le soláthar poiblí (Gníomh 17); agus gealltanais go gcabhrófaí leis an lucht ceaptha beartais, tríd an nGrúpa Comhairleach um Chúrsaí Sóisialta,⁸ tuiscint níos fearr a

04. Is iad sin: Comhar na nOileán Teoranta, Fóram Chonamara Teoranta; Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe Teoranta agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teoranta (i nGaillimh); Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teoranta agus Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain (i nDún na nGall); Forbairt Tuaithe Dhúiche Ealla Teoranta, Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí Teoranta (i gCorcaigh); Cuideachta Forbartha Leader Oirthuaisceart Mhaigh Eo, Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo Teoranta (i Maigh Eo); Comhpháirtíocht Forbartha Pobail Tuaithe agus Shóisialta na Mí Teoranta; Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas Teoranta; agus Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge Teoranta.

05. 'Circular Economy', An Biúró Eorpach Comhshaoil, www.eeb.org/work-areas/resource-efficiency/circular-economy/

06. Fáil ar earraí agus seirbhísí ag an Stát, rud a dhéantar de ghnáth trí bhithin socrú conartha tar éis comórtas a fhoilsiú.

07. Lalor, T. (2012) 'Procurement and social enterprise', in Doyle, G. & Lalor, T., Eagarthóirí (2012) *Social Enterprise in Ireland: A People's Economy?* Corcaigh: Oak Tree Press.

Comhthéacs beartais

fháil ar bhealaí inar féidir réimse an tsoláthair a úsáid chun aidhmeanna maidir leis an bpolasaí sóisialta a chur chun cinn taobh istigh de na treoirínte cuí maidir leis an soláthar poiblí (Gníomh 18).

2.4. An comhthéacs tacaíochta d'fhiontair shóisialta

I dTábla 2.1 thíos, tugtar forbhreathnú ar roinnt tacaíochtaí atá ann cheana d'fhiontair shóisialta. Tá baint ag an Údarás leis na tacaíochtaí sin i ngach ceann dá limistéir gheografacha⁹.

Table 2.1 Samplaí de na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontair shóisialta in Éirinn

Catagóir	Sampla
Tacaíochtaí do bhaill foirne agus don mhargadh saothair	An Clár Seirbhísí Pobail, a riarann Pobail thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is í aidhm an Chláir Seirbhísí Pobail tacú le heagraíochtaí pobail seirbhísí sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil a sholáthar ina limistéar áitiúil. Is taca tiomnaithe é d'fhiontair shóisialta lena n-áirítear deontais fostaíochta do thart ar 400 eagraíocht phobail in Éirinn. Trí chlár mhargaidh saothair na Roinne Coimirce Sóisialaí, tairgtear socrúcháin pháirtaimseartha le tionscnaimh phobail do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó atá tearcfhostaithe (feirmeoirí agus iascairí) i limistéir thuaithe. Is iad sin: an Clár Fostaíochta Pobail, lenár soláthraítear deontais mhaoirseachta, deontais ábhar agus deontais oiliúna freisin; an Scéim Shóisialta Tuaithe; agus Tús (a bhfuil an péire deiridh á gcur i bhfeidhm ag cuideachtaí forbartha áitiúla). Is ann do 23 fhiontar shóisialta atá á maoiniú tríd an gClár Seirbhísí Pobail sa Ghaeltacht.
Maoiniú LEADER agus maoiniú caipitil eile	Maoiniú ó chlár LEADER¹¹. Soláthraíonn clár LEADER tacaíochtaí caipitil, oiliúint agus tacaíochtaí eile i dteannta a chéile. Tá maoiniú LEADER ar oscailt do ghrúpaí pobail ar spéis leo fiontair shóisialta a fhorbairt, agus maoinítear leis tionscnaimh i réimse na turasóireachta, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, i réimse na ceardaíochta agus i réimse na táirgeachta bia ceirde, mar aon le seirbhísí do phobail atá scoite amach. Tá maoiniú suas le 75% ar fáil le haghaidh tionscadail incháilithe amhail tionscadail chaipitil agus tacaíochtaí eile (suas le €200,000 ar a mhéad, nó suas le €500,000 ar a mhéad i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht gheilleagrach ag grúpa pobail), chomh maith le clár oiliúna. Ar na clár eile atá á reáchtáil i limistéir thuaithe tá an ciste Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Ciste Athghiniúna Tuaithe agus CLÁR. Ina theannta sin, cumasaítear forbairt fiontar shóisialta go mór trí mhaoiniú iasachta ó institiúidí tiomnaithe maoinithe shóisialta amhail Clann Credo, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Community Finance Ireland.

08. Arna bhunú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

09. Is féidir tacaíochtaí breise a chur ar áireamh anseo, amhail tacaíochtaí a thugann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh Fiontair Ghlasa agus an Gheilleagair Chiorclaigh.

10. <https://www.pobal.ie/FundingProgrammes/CommunityServicesProgramme/Pages/CSP-FAQs.aspx>

11. Tíocfaidh clár nua LEADER (2023-2027) sna sála ar chlár idirthréimhseach LEADER (2021-2022). Tá roinnt plé ann ar athruithe ar an tsamhail mhaoinithe do LEADER a bhféadfadh go mbeidh acmhainneacht shuntasach ag gabháil leo i gcás tionscnaimh fiontair shóisialta ar mhórsála.

Comhthéacs beartais

Table 2.1 Samplaí de na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontair shóisialta in Éirinn

Catagóir	Sampla
Scéimeanna Deontas caipitil na Roinne Forbartha, Tuaithe & Pobail	Cuireann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail tacaíochtaí éagsúla ar fáil d'earnáil na bhfiontar shóisialta. Mar shampla, i mí Feabhra 2021, fógraíodh Clár Athghiniúna Fiontraíochta Sóisialta COVID-19. Trí Chiste na gCuntas Díomhaoín, chuir an scéim deontais ar fáil do Chuideachtaí Forbartha Áitiúil chun oiliúint agus meantóireacht a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta ag díriú ar phleanáil straitéiseach, nuálaíocht dhigiteach, forbairt acmhainní agus rialachas. Tá scéimeanna deontas caipitil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail d'fhiontair shóisialta, a mhaoínítear trí Chiste na gCuntas Díomhaoín, le haghaidh trealamh, deisiúcháin nó athchóirithe. Is féidir le fiontair shóisialta leas a bhaint as scéimeanna deontas caipitil eile freisin má bhaineann siad lena réimse gníomhaíochta (mar shampla, deontais chaipitil a bhaineann le háiseanna pobail).
Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (SICAP agus an Clár Athghiniúna Fiontar Sóisialta)	Is éard é an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) ná idirghabháil thábhachtach do phobail faoi mhíbhuntáiste, a chuireann tacaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail áitiúil araon agus a bhfuil d'fheidhm aici tacú le fiontair shóisialta. Tá 14 eagraíocht ann a chuireann SICAP i bhfeidhm i limistéir Ghaeltachta.¹²
Rethink Ireland: Tacaíochtaí chun fiontair shóisialta a leathnú agus a fhorbairt	Bainistíonn Rethink Ireland an Clár Forbartha Fiontar Sóisialta, ar ciste €3.2 milliún é atá á sholáthar ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2022. Chruthaigh Rethink Ireland an ciste i gcomhpháirt le hÚdarás Áitiúla Éireann agus maoíonn IPB Insurance agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é trí Chiste na gCuntas Díomhaoín. I measc an mhaoinithe tá deontais airgid, tacaíocht gnó agus tacaíocht straitéiseach d'fhiontair shóisialta chun cabhrú leo a dtionchar a mhéadú.
Clár KickStart	In 2021, sheol an Roinn Dlí agus Cirt a straitéis Working to Change: Social Enterprise and Employment Strategy 2021 – 2023. D'iarr an tSeirbhís Phromhaidh, i gcomhar le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, iarratais ó fhiontair shóisialta in Éirinn do Bhabhta 3 dá ciste KickStart chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise. Tá maoiniú curtha ar fáil do staidéir indéantachta agus do thaighde margaidh agus do chruthú post.
Tacaíocht oiliúna agus meantóireachta d'fhiontair shóisialta	Faoin mBeartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022, bhunaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail clár oiliúna agus meantóireachta d'fhiontair shóisialta sa bhliain 2019 agus in 2021. Ceann de na 14 thionscnamh a maoíodh ar fud na hÉireann faoin gcéad ghlaoch ba ea Clár Fiontraíochta Sóisialta na Gaeltachta, a bhí á riar ag an Údarás. Tríd an gclár, tugadh tacaíocht oiliúna agus meantóireachta do 35 fhiontar shóisialta a bhí i mbun trádála, do 19 bhfiontar shóisialta nuathionscanta agus do 96 dhuine aonair le linn na bliana 2020.

12. Is iad sin: Comhar na nOileán Teoranta, Fóram Chonamara Teoranta; Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe Teoranta agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teoranta (i nGaillimh); Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teoranta (i nDún na nGall); Forbairt Tuaithe Dhúiche Ealla Teoranta, Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí Teoranta (i gCorcaigh); Cuideachta Forbartha Leader Oirthuaisceart Mhaigh Eo, Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo Teoranta (i Maigh Eo); Comhpháirtíocht Forbartha Pobail Tuaithe agus Shóisialta na Mí Teoranta; Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas Teoranta; agus Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge Teoranta.

Comhthéacs beartais

Table 2.1 Samplaí de na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontair shóisialta in Éirinn

Catagóir	Sampla
Tacaíochtaí le haghaidh táirgeadh fuinnimh pobail	Tugann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) maoiniú d'eagraíochtaí pobail mar chuid den chlár um Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe chun spleáchas a bpobal ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Tá sé ag maoiniú líonra atá comhdhéanta de bhreis agus 130 pobal ar fud na hÉireann atá ag saothrú táirgeadh fuinnimh pobail. Fuair eagraíocht amháin ar Oileáin Árann (Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann) maoiniú agus tacaíocht faoin gclár sin.
Tacaíochtaí earnála eile	Is ann do chlár mhaoinithe atá sonrach don earnáil a bhféadfadh roinnt fiontar sóisialta éileamh a dhéanamh orthu. Mar shampla, déanann fiontair shóisialta agus fiontair phríomhshrutha araon iarratais ar chlár don chúram leanaí (mar shampla, Clár an Fhóirdheontais Cúraim Leanaí sa Phobal atá spriocdhírthe ar thuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste agus ar thuismitheoirí atá i mbun oiliúna, oideachais nó fostaíocht ar phá íseal, agus an Scéim uilechoiteann um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige). Tá an cúram leanaí ar cheann de na hearnálacha is suntasaí ina gcuirtear gníomhaíocht fiontair shóisialta i gcrích. Déanann Bord Iascaigh Mhara riar agus bainistiú ar thionscnamh pobaltreoirithe forbartha áitiúla d'iascaigh agus do phobail do bharshaothraithe (grúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh). Tá an clár tacaíochta dírithe ar chineálacha nuálacha cur chuige a chur chun cinn chun fás agus poist a chruthú i limistéir chósta ainmnithe. Is é cuspóir foriomlán an chlár inbhuanaitheacht gheilleagrach, comhshaoil agus shóisialta a chur chun cinn i limistéir chósta agus ionchais fostaíochta a chothabháil agus a fheabhsú. Tairgeann Údarás Áitiúla roinnt tacaíochtaí atá dírithe ar ghrúpaí forbartha pobail, lena n-áirítear clár oiliúna agus clár mhaoinithe caipitil.
Líonraí	- Tá sé mar aidhm ag Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann feabhas a chur ar cé chomh infheicthe atá fiontair shóisialta in Éirinn (www.socent.ie). - Is é Fiontar Sóisialta Phoblacht na hÉireann (SERI) an líonra fiontar shóisialta is nuaí. Cruthaíodh é sa bhliain 2020 chun coincheap an fhiontair shóisialta a chur chun cinn in Éirinn (www.socialenterprise.ie). - Is é Líonra Forbartha Áitiúla na hÉireann (ILDN) an comhlacht ionadaíoch do chuideachtaí forbartha áitiúla in Éirinn. Soláthraíonn sé clár atá sonrach d'fhiontair shóisialta (atá leagtha amach thuas) https://ildn.ie - Is é Líonra Acmhainní Pobail Éireann an comhlacht pobalbhunaithe ionadaíoch uile-oileáin le haghaidh eagraíochtaí pobalbhunaithe um athúsáid, athchúrsáil agus cosc dramhaíola (www.cmi.ie). - Tá an Cumann Náisiúnta um Ionaid Fiontar Pobail (NACEC) ina líonra atá comhdhéanta de 120 ionad fiontar pobail i bPoblacht na hÉireann. Is é an príomhról atá aige tacú le leasanna na n-ionad fiontar pobail agus iad a fhorbairt ar bhonn náisiúnta (www.enterprisecentres.ie)

3

Torthaí an phróisis comhairliúcháin



Torthaí an phróisis comhairliúcháin

Ullmhaíodh an Straitéis seo trí phróiseas comhairliúchán leathan le geallsealbhóirí, atá leagtha amach ar leathanach 8 den straitéis. Tá torthaí an phróisis comhairliúcháin bunaithe freisin ar na torthaí ar cheistneoir a scaipeadh ar gheallsealbhóirí ábhartha, amhail an líonra grúpaí forbartha a dtacaíonn an tÚdarás leo. Tá torthaí an phróisis comhairliúcháin grúpáilte de réir roinnt téamaí. Tá achoimre ar na téamaí sin le fáil sa rannán seo.

3.1. Deiseanna le haghaidh forbairt fiontar sóisialta

Is as na nithe seo a leanas a thagann na deiseanna fiontar shóisialta a sainaithníodh sa taighde:

- Bearnaí agus riachtanais i soláthar seirbhíse i bpobail tuaithe Ghaeltachta
- Deiseanna fiontar lena ngabhann deiseanna fostaíochta nó deiseanna margaidh saothair
- Bonneagar/frontair shóisialta chumasúcháin, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le tosaíochtaí beartais (forbairt fiontar, cianobair agus bonneagar turasóireachta)
- Deiseanna comhshaoil, lena n-áirítear iad sin a bhaineann go díreach le tosaíochtaí beartais (e.g., an geilleagar ciorclach, fuinneamh in-athnuaite, dramhaíl a atreorú amach ó líontaí talún).

Ní deiseanna tráchtála iad na deiseanna sin de ghnáth agus, dá bhrí sin, ní ghabhann riosca díláithriúcháin leo. Dá mbainfí leas as saothar deonach (e.g., comhaltaí deonacha coiste nó comhaltaí deonacha boird), as tacaíochtaí comhchineáil agus as roinnt fóirdheontas (e.g., cláir mhargaidh saothair), d'fhéadfadh go mbainfeadh na smaointe fiontar shóisialta inmharthanacht amach agus go soláthródh siad tairbhí tábhachtacha do phobail Ghaeltachta.

Maidir leis na deiseanna a sainaithníodh sa phróiseas taighde, aicmítear iad de réir na n-aicmithe fiontar shóisialta sa bheartas náisiúnta maidir le fiontraíocht shóisialta.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

Tábla 4.1 Deiseanna fiontair shóisialta atá bunaithe ar aicmithe fiontair shóisialta

Aicmithe	Samplaí a sainithníodh
Fiontair Shóisialta maidir le Dlúthchóiriú ar an Margadh Saothair, a thugann tús áite do dheiseanna fostaíochta/margaidh saothair	- Déantúsaíocht (úsáidí nua le haghaidh olla, lena n-áirítear an tionscal bithphlaisteach, insliú agus faisean) - Gníomhaíochtaí muirí agus dobharshaothraithe (baint feamainne, triomú agus próiseáil, athsholáthar múirín, earraí nútraiceodaice agus cógaisíochta, forbairt ar bheirtreacha oisrí dúchasacha) - Cláir áitiúla uasoiliúna agus oiliúna chun poist a líonadh agus chun an acmhainneacht áitiúil i ngnólachtaí dobharshaothraithe agus muirí a fhorbairt - Maidir le hearnálacha ar leith, amhail tionscnaimh mhuirshaothraithe agus fuinnimh in-athnuaite, tá féidearthachtaí leo ó thaobh seirbhísí a sholáthar agus a fhorbairt ar nós slándáil, seirbhísí tacaíochta iompair agus fostaíochta, cúram leanaí, lónadóireacht agus glantachán, i measc nithe eile. - Muirshaothrú
Fiontair shóisialta um fhorbairt fiontar a thacaíonn le fiontair eile a chruthú (e.g., spás oifige agus saoráidí)	- Bonneagar turasóireachta chun cuairteoirí¹³ agus turasóireacht chultúrtha agus mhuirí a mhealladh - Spás pobail (cianobair, moil dhigiteacha, priontáil 3D, spás forbartha fiontar sóisialta) - Féilte agus fiontair shóisialta chultúrthunaithe agus ealaínbhunaithe - Tionscnaimh aistrithe sócmhainní (réadmhaoin phobail agus spás pobail) - Fiontair shóisialta seirbhísí comhroinnte¹⁴
Fiontair shóisialta mar gheall ar 'Éileamh Éagmaise' atá dírithe ar sholáthar seirbhíse i limistéir a bhfuil teip mhargaidh iontu agus nach bhfuil aon soláthar eanála príobháidí iontu	- Caiféanna pobail le haghaidh asraonta sóisialta - Siopaí pobail agus ionaid sláinte phobail - Soláthar cúram leanaí - Athsholáthar, agus sócmhainní tearcúsáidte amhail tithe tábhairne, foirgnimh phoiblí agus spás poiblí sa limistéar áitiúil a bheith á glacadh i seilbh ag an bpobal. - Tionscnaimh iompair pobail - Seirbhísí cúram baile agus seirbhísí deisiúcháin a thugann faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le tithíocht
Fiontair shóisialta thimpeallachta a dhíríonn ar inbhuanaitheacht timpeallachta	- Gníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh – deisiú, athúsáid agus athchúrsáil (athchóiriú troscáin, athchúrsáil, uaschúrsáil teicstíle, deisiú rothar agus táirgí eile, dramhaíl a atreorú amach ó líontaí talún) - Tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite
Cur Chun Cinn Teicnící Talmhaíochta Inbhuanaithe	- Tionscadail Bhithmhaise - Gairneoireacht - Bithéagsúlacht
Forbairt Acmhainní Cultúrtha agus Teanga	- Coláistí Gaeilge - Ionaid Ealaíne agus Chultúir - Foghlaim ar feadh an tSaoil

13. Lena n-áirítear saoráidí amhail cithfholcadáin, caifé pobail, iompar áitiúil, cothabháil agus comharthaíocht. Aonaid ghorlainne, agus cóiríocht turasóireachta atá faoi úinéireacht an phobail. Ar na samplaí de chóiríocht atá faoi úinéireacht an phobail tá óstán [Sliabh Beag](#) i gCnoc an tSalainn, Contae Mhuineacháin, agus [ionad pobail agus brú Bhaile Mhac Cairbre](#) i gContae Phort Láirge.

14. Tá sé sin bunaithe ar an líon mór fiontar sóisialta beag a dhúbláilann a gcuid oibre maidir le riarachán, acmhainní daonna, párolla, comhlíonadh agus saincheisteanna eile riaracháin agus bhainistíochta oibriúcháin. D'fhéadfaí samhail chomhoibríoch a ghlacadh chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn comhchoiteann d'fhiontair shóisialta ar bhonn sintiúis. D'fhéadfaí samhla amhail [Grúpa Tacaíochta Crann](#) agus [Seirbhísí Deonacha Tacaíochta Tithíochta](#) a bhreithniú.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

3.2. Dúshlán

Meastar dúshlán maidir leis an méid a dhéileálann fiontair shóisialta atá ann cheana leo, agus maidir leis an méid a dhéanann siad difear d'fhorbairt na hearnála ina hiomláine sa limistéar Gaeltachta.

- Easpa feasachta ar fhiontar sóisialta: cuireadh in iúl gurb amhlaidh in amanna go mbíonn beagán tuisceana (nó tuiscint chontrártha corruair) ar choincheap an fhiontair shóisialta agus ar an méid a d'fhéadfadh sé cur le forbairt gheilleagrach áitiúil – agus measadh go ndeachthas chun aimhleasa d'fhorbairt na hearnála toisc an tsoiléireacht sin a bheith in easnamh.¹⁵
- Luaigh roinnt fiontar sóisialta gur dúshlán suntasach é an easpa ama, an easpa ball foirne agus an easpa acmhainní eile atá ar fáil chun fiontar sóisialta a thabhairt chun críche agus chun é a bhainistiú ansin. Is gnách go dtugann fiontair shóisialta inbhuanaithe (a sholáthraíonn seirbhísí laistigh dá bpobal) sa Ghaeltacht faoi roinnt gníomhaíochtaí ag aon am amháin. Baineann dúshlán eile le forbairt leanúnach a bhaint amach ós rud é nach leor na hacmhainní atá ar fáil.
- Baineann ríthábhacht leis an gcéad trí bliana d'aon fhorbairt fiontar, go háirithe i gcás na bhfiontar sóisialta sin atá ag oibriú i margaí nua. Teastaíonn tacaíocht airgeadais agus oibriúcháin nuathionscanta le linn na tréimhse sin.
- Fadhb do thionscnaimh atá ann cheana ná maoiniú fadtéarmach, toisc nach bhfuil maoiniú ilbhliantúil ach ag dornán acu (tá an chuid is mó de phleananna bunaithe ar iarratais bhliantúla ar mhaoiniú agus ar mhaoiniú ó fhoinsí difriúla). Caitheann sé sin go leor acmhainní.
- Luadh gur dúshlán é an easpa maoinithe riaracháin atá ar fáil. Cé go dtugann sé sin le fios ar thaobh amháin nach bhfuil fiontair shóisialta a bhíonn ag déileáil leis an dúshlán sin inmharthana ar an gcéad dul síos, measadh go dtugann sé le fios freisin nach bhfuil tiomantas ag an stát do sheirbhísí bunriachtanacha a mhaoiniú agus gur cheart é sin a cheistiú. Rinneadh comparáid idir na hionchais dhifriúla atá ag roinnt gníomhaireacht céime d'eagraíochtaí pobail agus do sholáthraithe seirbhíse earnála príobháidí, áit nach bhfaigheann soláthraithe pobail maoiniú leordhóthanach le haghaidh seirbhísí faoi shainchúram an stáit a sholáthar. Tugann sé sin le fios gur cheart ról tathanta a bheith ann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile.

15. Aimsíodh an méid sin freisin i dtaighde Éireannach eile. Mar shampla, Hynes, B (2016) *Creating an Enabling Supportive Environment for the social Enterprise Sector in Ireland*. Sainithníodh sa tuarascáil ar choimisiúnaigh Líonra Forbartha Áitiúla na hÉireann í an gá leis an bhfeasacht ar fhiontair shóisialta in Éirinn a mhéadú.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

- Rud a luaigh roinnt freagróirí ba ea an easpa maoinithe i roinnt réimsí earnála ar leith agus ó ghníomhaireachtaí i leith, mar aon leis an bhfáil níos mó ar mhaoiniú an Chláir Seirbhísí Pobail. I gcásanna eile, luadh go dtarlaíonn sé in amanna go dtiteann grúpaí sa Ghaeltacht 'idir dhá stól', cé gur luadh an fháil ar mhaoiniú caipitil, agus gur féidir le roinnt gníomhaireachtaí forbartha grúpaí a tharchur chuig an Údarás le haghaidh tacaíochtaí, cé go bhfuil sainchúram orthu sa Ghaeltacht. Mar sin féin, luadh go raibh an bhearna is mó le fáil sa tacaíocht theicniúil do mhaoiniú nuathionscanta agus riaracháin.
- Luaigh frontair shóisialta agus oibrithe forbartha araon na deacrachtaí atá i gceist le baill nua de struchtúir rialachais nua a thabhairt ar bord. Déanann sé sin difear do bhainisteoirí eagraíochtaí pobail, a méadaítear a sainchúram chun na feidhmeanna uile, lena n-áirítear comhlíonadh rialachais, a chur i gcrích. Luaigh roinnt freagróirí go bhféadfadh na daoine sin bheith i mbaol an traochta.
- Is féidir nach mbeidh acmhainneacht ná acmhainní ar leibhéal an phobail le fáil chun tabhairt faoi dheiseanna gníomhaíochta frontair shóisialta nó is féidir nach mbeidh grúpa le fáil chun tabhairt fúthu.

3.3. An bonneagar tacaíochta a theastaíonn le haghaidh forbairt fiontar sóisialta

Bíonn an cineál tacaíocht a theastaíonn ó fhiontair shóisialta ag brath ar acmhainneacht na bpobal nó na bhfiontar sóisialta atá á bhforbairt nó á gcur chun cinn. Aimsíodh i dtaighde go gcuireann gníomhaithe pobail agus ceannairí pobail go mór le frontair shóisialta a fhorbairt.¹⁶ I gcomhthéacs Gaeltachta, bíonn acmhainneacht an phobail agus na deiseanna frontair shóisialta ag brath ar thosca ar nós láthair, acmhainní pobail agus daonra.

Maidir le himpleachtaí na saincheiste sin, d'fhéadfaí roinnt gníomhartha a dhéanamh:

- Spéis i ndeiseanna frontair shóisialta, agus feasacht orthu, a ghiniúint trí oiliúint, trí mhúscailt feasachta agus trí bhearta poiblíochta i measc daoine a bhfuil tionchar acu i bpobail agus i measc eagraíochtaí pobail. Cé go n-aithnítear gur féidir le gné thuaithe an daonra ísil i limistéir Ghaeltachta an líon saorálaithe agus ceannairí atá ar fáil a laghdú, luadh an tuairim go bhfuil *'a lán daoine óga ann agus gur gá dúinn teacht ar bhealach chun páirt a thabhairt do na daoine óga'*.
- Tacú le struchtúir rialachais atá ann cheana chun uasoiliúint a chur agus chun cloí le ceanglais chomhlíonta. Mar shampla, moladh go bhforbrófaí seicliosta comhlíonta chun a fháil amach cén leibhéal dea-rialachais atá á gcomhlíonadh ag grúpaí mar phointe tosaigh.
- A iniúchadh conas a d'fhéadfadh frontair shóisialta dul i mbun comhoibrithe (lena

¹⁶. Cooper (2005). Amin, Cameron, and Hudson (2002)

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

n-áirítear straitéisí chun saorálaithe a earcú chuig struchtúir rialachais agus páirt a thabhairt dóibh iontu) nó struchtúir a chumasc fiú (e.g., trí chuideachtaí sealbhaíochta a fhorbairt) chun dúbláil áitiúil na gceanglas rialachais a sheachaint. Chuige sin, cuireadh in iúl gur minic a bhaineann fiontair shóisialta inmharthanacht amach trí roinnt seirbhísí agus gníomhaíochtaí, mar go mbeadh roinnt díobh neamh-inmharthana ina n-aonar. I dteannta a chéile, áfach, is féidir leo gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh hinmharthana céanna a thras-fhóirdheonú. Tá impleachtaí aige sin don fhorbairt toisc go dtugann sé le fios go bhfuil gá ann le forbairt leanúnach, rud atá ina dhúshlán.

- Is gá do bhonneagar tacaíochta fiontar sóisialta tacaíocht theicniúil dhíreach theagmhálach a thabhairt do ghrúpaí agus obair le grúpaí eile chun a chinntiú go leanfar dea-chleachtais agus go n-aistreofar an fhoghlaím ó thaobh gníomhaíochtaí inmharthana fiontair shóisialta de agus ó thaobh cleachtais eagraíochta de. Ba ghá go mbeadh níos mó i gceist le feidhm tacaíochta den tsórt sin ná comhairle a chur ar fhiontair shóisialta nuathionscanta. Ina ionad sin, ba ghá di bheith réidh le feidhmeanna forbartha lena ngabhann tacaíochtaí nuathionscanta a ghabháil uirthi féin ar feadh tréimhse ama. Maidir le bainisteoirí na gcomharchumann pobail atá ann cheana, pointe coitianta a cuireadh in iúl i ndáil le fiontair shóisialta nua a chruthú ba ea an gá le daoine breise chun tabhairt faoi obair forbartha: Iniúchfaidh Údarás na Gaeltachta an ghné sin, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, b'fhéidir.

3.4. An bonneagar tacaíochta atá ann cheana

Áirítear leis na tacaíochtaí anseo tacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí 'boga' amhail tacaíocht meantóireachta agus oiliúna agus tacaíocht ó scéimeanna margaidh saothair.

- Soláthraíonn Údarás na Gaeltachta raon tacaíochtaí airgeadais agus eile don earnáil phobail/fiontar sóisialta sna réigiúin Ghaeltachta. Chomh maith leis sin, bunaíodh Aonad Forbartha Pobail san Údarás agus soláthraítear tacaíochtaí trí Oifigí Réigiúnacha Údarás na Gaeltachta agus trí rannóga eile den eagraíocht de réir mar is gá freisin. Soláthraíonn an tÚdarás deontas reáchtála do líonra atá comhdhéanta de 35 eagraíocht forbartha pobail ar fud na limistéar Gaeltachta agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí sin i dtaca le pleananna forbartha limistéir a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Is féidir leis na heagraíochtaí sin leas a bhaint freisin as deontais eile ón Údarás. Áirítear leo Deontais Staidéar Féidearthachta, Scéim Tacaíochta do Thograí Fiontraíocht Shóisialta, Deontais fostaíochta, Cláir mheantóireachta, agus Cláir oiliúna agus chomhairleachta, i measc nithe eile. Chomh maith leis sin, is féidir leis an earnáil sin leas a bhaint as tacaíochtaí ó ghníomhaireachtaí eile agus ó líonra chláir an AE de réir mar is cuí.
- <https://udas.ie/gno/cabhair-a-thugaimid/deontais/> Tá Údarás na Gaeltachta mar bhall de roinnt líonraí Eorpacha ina measc ERNACT agus Comhairle Réigiúin na hEorpa (AER). Glacann na grúpaí pobail lena mbaineann, páirt i líonraí agus i dtionscadail chomhoibríocha.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

- Cuirtear tacaíocht ar fáil trí scéimeanna margaidh saothair d'fhiontair shóisialta a maoinítear a gcostais foirne tríd an Scéim Fostaíochta Pobail, tríd an gClár Seirbhísí Pobail, trí scéim Tús nó trí chlár eile, sa mbreis ar dheontais ó chistí an Údaráis. Is ann do roinnt fiontar sóisialta a maoinítear tríd an Clár Seirbhísí Pobail, sa Ghaeltacht, go háirithe i nDún na nGall agus i nGaillimh.
- Maidir le formhór na ngníomhaireachtaí a ghlac an pháirt is mó i bhforbairt fiontar sóisialta, bhí siad ina gcuideachtaí forbartha áitiúla agus ina ngníomhaireachtaí a raibh clár LEADER agus SICAP á gcur i bhfeidhm acu. D'imir clár LEADER lena gcumhdaítear limistéir Ghaeltachta ról tábhachtach i dtionscadail phobail agus tionscadail fiontair shóisialta a mhaoiniú. Bhí tacaíocht agus oiliúint i gceist leis an gcuid is mó de chlár SICAP. Áiríodh leis sin, mar shampla, iarratais ar mhaoiniú a ullmhú agus plean gnó a dhéanamh. D'imir roinnt cuideachtaí forbartha áitiúla ról gortainne agus tionscnóra le haghaidh fiontar sóisialta. Sa chuid is mó de chásanna, bhí sé sin ina ról tábhachtach ar tugadh faoi i gcás go raibh deis áitiúil nó riachtanas áitiúil ann ach nach raibh saorálaithe pobail ná grúpaí pobail le fáil chun tabhairt faoin ról sin.
- Tairgeann institiúidí acadúla amhail Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), tacaíocht theicniúil agus taighde. Chuir an ollscoil in iúl freisin go bhfuil sí tiomanta do chomhoibriú méadaithe, rud a ndéantar tagairt dó sa phlean straitéiseach uaithi. D'oibrigh tionscnamh fiontair shóisialta eile i ndlúthchomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo ina saoráid i Leitir Fraic, agus é ag soláthar seirbhísí lónadóireachta ar an láithreán sin. Is é atá sa chaidreamh sin ná aitheantas d'éagsúlacht thacaíocht agus ról na n-institiúidí i bhforbairt fiontar sóisialta. Áirítear leo sin tacaíocht theicniúil agus comhairle, mar aon le caidrimh sheirbhíse agus sholáthair, lena n-áirítear comhaontuithe lamháltais le haghaidh saoráidí lónadóireachta agus saoráidí eile a oibriú.
- Déanann Bord Iascaigh Mhara riar agus bainistiú ar thionscnamh pobaltreoraithe forbartha áitiúla d'iascaigh agus do phobail dobharshaothraithe (grúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh). Is é cuspóir foriomlán an chlár inbhuanaitheacht gheilleagrach, comhshaoil agus shóisialta a chur chun cinn i limistéir chósta agus ionchais fostaíochta a chothabháil agus a fheabhsú.
- Tairgeann Údaráis Áitiúla roinnt tacaíochtaí, lena n-áirítear clár oiliúna agus maoinithe, atá dírithe ar ghrúpaí forbartha pobail.

Dá ainneoin sin, admhaíodh na bearnaí tacaíochta a mbíonn fiontair shóisialta ag déileáil leo, mar aon lena riachtanais tacaíochta, a bhfuil plé orthu thíos.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

3.5. Na riachtanais shonracha tacaíochta atá ag fiontair shóisialta

De bharr a misin, agus de bharr an raoin bacainní sonracha a dtagann siad orthu, teastaíonn ó fhiontair shóisialta cineál struchtúr tacaíochta atá difriúil ón struchtúr a theastaíonn ó fhiontair phríobháideacha (Daly, Doyle agus Lalor, 2012). Ag an am céanna, is earnáil atá éagsúil ó thaobh riachtanas agus gníomhaíochtaí de í an earnáil fiontar sóisialta. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige ‘a oireann do chách’ a sheachaint. Leagtar béim thíos ar roinnt de na príomhthéamaí agus na riachtanais tacaíochta.

An gá atá le tacaíochtaí forbartha agus le tacaíochtaí dlúth-thionscadail

- Téama atá ag teacht chun cinn i bplé le fiontair shóisialta agus le geallsealbhóirí eile is ea tacaíocht theicniúil ó bhaill foirne forbartha trí thacaíocht theagmhálach. Bheadh sé riachtanach dá mbeadh an cineál sin tacaíochta i bhfeidhm roimh thrádáil agus ar feadh na chéad tréimhse rithábhachtaí trí bliana, cé go bhféadfaí é a mhaolú de réir a chéile le linn na tréimhse sin. Tá an cineál sin tacaíochta am-íditheach agus is féidir leis bheith dian ar acmhainní. D’fhéadfadh go mbeadh sé dian go háirithe sa tréimhse réamhthrádála, nuair is féidir nach bhfuil a fhoireann féin ag an bhfiontar sóisialta go fóill.¹⁷
- Ba cheart fiontair shóisialta a bhfuil tábhacht straitéiseach acu (e.g., fuinneamh in-athnuaite mar earnáil thábhachtach don Ghaeltacht) a bheith i measc na bhfiontar sóisialta a dtacófaí leo. Ba cheart meascán fiontar sóisialta, lena n-áireofaí fiontair ardriosca, a bheith ina measc freisin, chomh fada is a bheadh an acmhainneacht acu chun ardtionchar sóisialta a bhaint amach.¹⁸

Tacaíochtaí eile a theastaíonn ó fhiontair shóisialta nuathionscanta agus ó fhiontair shóisialta atá i mbun trádála

- Foirgnimh phobail a bhainistiú (e.g., comhairle maidir le costais fuinnimh agus forchostais a laghdú, seirbhísí pleanála chun freastal ar riachtanais phobail, agus beartais phraghsála).
- Comhairle maidir le fostaíocht agus le bainistíocht acmhainní daonna.
- ‘Ceardlanna cruthaitheachta’ chun cabhrú le gníomhaíochtaí nua fiontair shóisialta a shainaithint.
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite ina bhfoirgnimh.
- Pleanáil ghnó.
- Láithreacha a fhorbairt sna meáin shóisialta.
- Feachtas margaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Conas an tionchar a thomhas trí mhodhanna leanúnacha nó tréimhsiúla.

17. Chun déanamh amhlaidh, teastóidh tacaíochtaí ina leith seo: giniúint smaointe, forbairt gnó, struchtúir dhlíthiúla, oiliúint, forbairt acmhainneachta, bróicéireacht agus idirbheartaíocht. Beidh sé riachtanach freisin an bonneagar airgeadais agus bainistíochta a theastaíonn a bhunú.

18. Is gnách go dtástálann fiontair shóisialta cineálacha nua nuálacha cur chuige i leith fadhbanna atá ann cheana – agus is minic a thagann siad lasmuigh de choincheapa traidisiúnta na hinmharthanachta agus na hindéantachta (agus a cheistíonn siad iad).

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

Feasacht a thógáil i measc tionscnóirí féideartha fiontar shóisialta

- Téama a tháinig chun cinn sna comhairliúcháin agus atá comhsheasmhach le plean straitéiseach an Údaráis is ea an gá le páirt a thabhairt do dhaoine óga i bhforbairt fiontar sóisialta, mar thionscnóirí tionscadail nua agus mar rannpháirtithe (saorálaithe) i dtionscadail atá ann cheana.
- An gá le clár múscaillte feasachta do dhaoine atá ina gcónaí sa Ghaeltacht (mar aon le baill foirne atá ag obair in eagraíochtaí tacaíochta) chun feabhas a chur ar an tuiscint agus an léirthuisint ar an méid a d'fhéadfadh fiontair shóisialta rannchuidiú le hinbhuanaitheacht na bpobal Gaeltachta. D'fhéadfadh go n-áireofaí daoine óga leis sin.
- A chinntiú go dtacófar le ceannairí pobail atá ann cheana maidir le fiontair shóisialta a fhorbairt trí na tacaíochtaí teicniúla thuas.
- Ba cheart tacú le gníomhaíochtaí líonraithe, mar aon le naisc le fiontair shóisialta i limistéir eile, mar shampla pobail tuaithe in Albain.

Comhoibriú, agus dúbláil an dua a theorannú

Soláthar de chineál seirbhísí comhroinnte: d'fhéadfaí fiontar shóisialta a bhunú chun seirbhísí riaracháin, bainistíochta¹⁹ agus oiliúna a sholáthar d'fhiontair shóisialta (beag beann ar an ngníomhaíocht oibríochtúil). Bheadh an fheidhm sin ábhartha d'fhiontair shóisialta atá i mbun trádála (agus d'eagraíochtaí pobail eile) mar gheall ar a méid bheag agus ar a riachtanais oibriúcháin measartha casta (mar shampla de bharr an líon ard pearsan agus ball foirne ar shocrúchán a oibríonn ina seirbhísí).

Cuireadh in iúl gurb iad na fiontair shóisialta is dóchúla a n-éireoidh leo ná na cinn a sholáthraíonn roinnt seirbhísí nó a fhorbraíonn seirbhísí nua ar bhonn leanúnach. Tugann sé sin le fios gur dhóigh go mbeadh fiontair shóisialta ghníomhaíochta aonair níos inbhuanaithe dá dtiocfadh siad le chéile faoi aon struchtúr oibriúcháin nó rialachais amháin.

Cur chuige réigiúnach i leith soláthair

Chun cur chuige 'a oireann do chách' a sheachaint, luadh a thábhachtaí atá sé go nglacfaí cur chuige réigiúnach. Moladh go nglacfaí straitéis chomhoibriúch fiontar shóisialta le haghaidh gach limistéir Gaeltachta nó gach contae Gaeltachta. D'áireofaí leis sin obair le struchtúir forbartha áitiúla chun leas a bhaint as an acmhainneacht fiontar shóisialta (ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal na gníomhaireachta) ar mhaithe le tosaíochtaí, deiseanna agus acmhainní a shainaithint chun earnáil fiontar shóisialta atá faoi bhláth a fhorbairt.

¹⁹ Lena n-áirítear comhairle maidir le leabharchoimeád, le párolla, le hacmhainní daonna agus le fostaíocht, tacaíocht maidir le beartais agus nósanna imeachta a chur chun feidhme, agus tacaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht, i measc nithe eile.

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

Comhghuaillíochtaí a fhorbairt agus tacaíocht a ghíaráil

Tá cumas ar leith ag Údarás na Gaeltachta chun a dhéanamh amach cén acmhainneacht atá ann le haghaidh tacaíocht earnála príobháidí d'fhiontair shóisialta a ghíaráil trína bhonn cliant, de 400 comhlacht intíre agus comhlacht ilnáisiúnta a fhostaíonn 7,000 duine sna limistéir Ghaeltachta.

Ar na tacaíochtaí a chuirfí ar fáil trí na comhlachtaí sin bheadh tacaíocht theicniúil agus tacaíocht forbartha gnó; tacaíocht conraitheoireachta; giniúint smaointe agus cleachtadh scópála leis na heagraíochtaí sin chun deiseanna a dhéanamh amach, agus ba cheart tabhairt faoi chaidreamh gnó le fiontair shóisialta (lena n-áirítear forbairt coincheap).

Ina theannta sin, tá spéis shuntasach ag údaráis áitiúla a ndeachthas i gcomhairle leo, páirt a ghlacadh i bhforbairt fiontar sóisialta. D'fhéadfadh an tÚdarás ról a imirt i ndeiseanna agus curaidh laistigh den earnáil phoiblí a lorg le haghaidh gníomhaíocht fiontair shóisialta – sna réimsí um ghníomhaíocht fiontair shóisialta a chonrú agus a chur ar aghaidh mar shásra le haghaidh oibleagáidí beartais phoiblí a chur ar aghaidh (e.g., bearta geilleagair chiorclaigh).

Acmhainneacht fiontair shóisialta a shainaithint i ngníomhaíochtaí atá gar don mhargadh

Is féidir go mbeidh deiseanna ann atá sonrach d'fhiontar sóisialta, go háirithe sna réimsí sin atá á gcur chun cinn ag an Údarás. Áirítear leo sin seirbhísí muirí, seirbhísí turasóireachta, fuinneamh in-athnuaite agus spásanna fiontair eile. Is féidir go mbeidh deiseanna fiontair shóisialta ann sna spásanna nach bhfuil fiontair ábalta inmharthanacht tráchtála a bhaint amach, cé go bhféadfadh go mbeadh siad inmharthana dá dtabharfaí fóirdheontas beag éigin dóibh agus go bhféadfadh siad mórthionchair shóisialta a ghiniúint. Is gnách go ngineann fiontair shóisialta inmharthanacht trí ranníocaíochtaí comhchineáil nó trí dheontais (saorálaíochas, saineolas, deontais chaipitil, tacaíochtaí margaidh saothair nó rochtain saor in aisce ar thalamh nó ar spás, i measc nithe eile), rud a laghdóidh an spleáchas ar ioncam trádáilte mar fhoinsé ioncaim aonair.

Léiríodh sa phróiseas comhairliúcháin laistigh den Údarás go bhfuil spéis agus saineolas ag baill foirne an Údaráis maidir le sainaithint a dhéanamh ar choincheapa margadhthreoraithe a d'fhéadfadh bheith oiriúnach mar fhiontair shóisialta agus a d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta nó deiseanna forbartha geilleagraí a sholáthar, cé nach rachadh siad in iomaíocht leis an earnáil phríobháideach agus nach ndéanadh siad poist a dhíláithriú. Dá mbeadh ról giniúna smaointe ag an Údarás i gcoincheapa éagsúla a shainaithint, chuirfí leis an bhfeidhm agus an saineolas fiontair atá aige cheana féin.

Sna cásanna sin, ní mór grúpa nó tionscnóirí a bheith ann a bhrúfaidh an fiontar sóisialta chun cinn. Ceist ar an straitéis seo is ea cé a thabharfaidh faoin ról sin má chuirtear brú ar acmhainneacht na n-eagraíochtaí pobail atá ann cheana nó mura mbíonn fonn orthu gníomhaíochtaí nua fiontair shóisialta a fhorbairt?

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

3.6. Láidreachtaí, laigí, dúshláin agus bagairtí (LLDB)

Table 4.2 Anailís LLDB	
Láidreachtaí	Dúshláin
- Eagraíochtaí pobail láidre agus bonneagar pobail láidir - Spéis láidir agus deiseanna i bhfiontair shóisialta a bhaineann leis an gcomhshaol - Tiomantas na gceannairí pobail agus na dtionscnóirí fiontair shóisialta - Tiomantas Údarás na Gaeltachta do thacú le forbairt fiontar sóisialta - Tírdhreach tarraingteach ina dtugtar deiseanna le haghaidh turasóireachta	- Drochnascacht leathanbhanda i gcodanna den Ghaeltacht - Maoiniú riaracháin teoranta d'fhiontair shóisialta agus an gá le tacaíocht foirne (chun fiontair shóisialta nua a fhorbairt) - An easpa tacaíochtaí tiomnaithe a bheith ar fhiontair shóisialta chun tacú lena dtionscnamh agus lena bhforbairt - Gníomhaíocht fiontair shóisialta ar bheagscála lena ngabhann acmhainneacht teoranta ioncaim - Dúbláil dua agus caitheamh mór acmhainní d'fhiontair shóisialta ar bheagscála maidir le ceanglais chomhlíonta, riaracháin agus oibriúcháin - Líon beag tionscnamh de chuid an Chláir Seirbhísí Pobail i gcodanna den Ghaeltacht - An easpa bonneagair pobail agus an easpa ceannaireachta pobail i roinnt limistéar (rud is cúis le méid teoranta gníomhaíochta fiontair shóisialta sna limistéir sin)
Deiseanna	Bagairtí
- Comhthéacs beartais áitiúil, réigiúnaigh agus náisiúnta atá an-láidir agus fabhrach (maidir le fiontar sóisialta agus leis an ngeilleagar ciorclach/le hearraí in-athnuaite) - An maoiniú atá ar fáil chun feabhas a chur ar acmhainneacht na bpobal - An fhéidearthacht a bhaineann le tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite a dtacaíonn an tírdhreach fisiciúil agus bearta beartais leo - Dearcadh dearfach a bheith ag gníomhaireachtaí áitiúla, lena n-áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil, an Bord Oideachais agus Oiliúna, cuideachtaí forbartha áitiúla agus gníomhaireachtaí eile, i leith comhoibriú ar son tacaíocht fiontair shóisialta - An fhéidearthacht a bhaineann le comhoibriú i measc fiontair shóisialta (i bhfeidhmeanna oibriúcháin/riaracháin) - D'fhéadfadh cianobair tar éis phaindéim Covid-19 an daonra i limistéir Ghaeltachta a mhéadú - D'fhéadfadh go dtiocfadh deiseanna fiontair shóisialta as an acmhainneacht turasóireachta	- Spleáchas na bhfiontar sóisialta ar mhaoiniú gearrthéarmach agus ar chláir mhargaidh saothair, rud a dhéanann difear d'inbhuanaitheacht - D'fhéadfadh easpa saorálaithe agus easpa pleanála comharbais an bonn a bhaint d'éifeachtacht na bhfiontar sóisialta - D'fhéadfadh an t-ualach comhlíonta agus rialála an bonn a bhaint de rannpháirtíocht saorálaithe - D'fhéadfadh acmhainní teoranta i bhfiontair shóisialta an bonn a bhaint de chomhlíonadh rialachais - Tionchar a bheith ag costais mhéadaithe ar inbhuanaitheacht airgeadais na bhfiontar sóisialta - An riosca go bhféadfadh saincheist an díláithriúcháin fhéideartha teacht chun cinn d'fhiontair shóisialta a bhfuil maoinitheoirí acu

Torthaí an phróisis comhairliúcháin

3.7. Conclúidí

Is ionann na saincheisteanna thuas agus impleachtaí don Údarás agus é i mbun straitéis fiontar shóisialta a fhorbairt. Áirítear leo sin:

- Teastaíonn ról a bheith ag an Údarás i 'dtacaíocht dlúth-thionscadail' a sholáthar, i dtacaíochtaí éagsúla (tacaíochtaí indéantachta, tacaíocht chaipitil agus tacaíochtaí boga) a chomhordú, i gcur chun cinn/múscailt feasachta agus i bhforbairt fiontar sóisialta nua a bhrú chun cinn (más gá).
- Teastaíonn breis maoinithe chun forbairt a dhéanamh ar choincheapa agus do ghnólachtaí nuathionscanta.
- Tá grúpaí atá ann cheana teoranta maidir leis an méid a thugann siad faoi phleanáil straitéiseach/gnó agus teastóidh tacaíocht uathu ina leith sin. Sainaithníodh é sin sa suirbhé agus sa phróiseas comhairliúcháin araon.
- Bac ar fhorbairt fiontar sóisialta in eagraíochtaí atá ann cheana is ea maoiniú riaracháin leordhóthanach agus líon leordhóthanach ball foirne gan a bheith ar fáil. Maidir leis na heagraíochtaí sin a bhfuil spéis acu i bhforbairt fiontar sóisialta, luaigh roinnt díobh an fhíric nach dteastaíonn comhairle uathu maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh ar fhiontair. Ina ionad sin, luaigh siad gurb é an rud a theastaíonn uathu ná na hacmhainní foirne agus forbartha chun an obair a dhéanamh. Luaigh eagraíochtaí eile go dteastaíonn comhairle theicniúil shonrach chun dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna. Maidir leis na tionscnaimh phobail sin a rinne dul chun cinn ar fhiontair shóisialta de réir na n-acmhainní reatha atá ar fáil, thuairiscigh siad go bhfuil siad chóir a bheith traochta. Géaraíodh an staid sin le paidéim Covid-19.
- Cé go bhfuil rannpháirtíocht mheasctha ag gníomhaireachtaí i bhfiontair shóisialta, tá spéis acu i dtacú le fiontair shóisialta agus le comhoibriú (e.g., meantóireacht agus oiliúint). Luaigh roinnt oifigí fiontair áitiúil gur spéis leo idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás ó thaobh na straitéise de agus go bhféadfadh siad tacaíochtaí boga amhail oiliúint, i measc nithe eile, a thairiscint. Mar sin féin, tá teorainn ann leis an maoiniú is féidir leo a sholáthar.
- Maidir le bearnaí maoinithe, maíodh gur i soláthar foirne oibríochtúil agus i maoiniú riaracháin atá na bearnaí le fáil. Aithnítear an Clár Seirbhíse Pobail mar fhoinsé thábhachtach ioncaim riaracháin agus rachadh tacaíocht bhreise faoin gclár seo chun tairbhe don earnáil fiontraíochta sóisialta sa Ghaeltacht.

4

Plean gníomhaíochta straitéiseach



Plean gníomhaíochta straitéiseach

Aimsíodh sa phróiseas taighde agus comhairliúcháin go bhfuil riachtanais tacaíochta fiontar shóisialta ilchineálach agus casta agus go bhfuil siad an-difriúil le riachtanais earnála príobháidí.

Is gnách go dtagann fiontar shóisialta as riachtanais shóisialta nó as cuspóirí sóisialta. Is féidir nach i ngach cás a bheidh taithí ar fhorbairt fiontar nó ar fhorbairt tionscadal ag tionscnóirí fiontar sóisialta. Ag an am céanna, is minic is é a bhíonn i gceist le hinmharthanacht a bhaint amach le haghaidh fiontar shóisialta ná trádáil, acmhainní breise a ghíaráil, dua deonach a úsáid agus tacaíocht a fháil trí chomhghuaillíochtaí agus trí mhaoiniú stáit. Fágann sé sin go dteastóidh cruthaitheacht, tiomantas agus acmhainní chun inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Mar thoradh air sin, tá na riachtanais tacaíochta atá ag fiontar shóisialta casta – is gnách go n-áirítear leo forbairt fiontar agus forbairt pobail (lena ngabhann obair ghrúpa, scileanna ceannaireachta, tathant agus idirbheartaíocht). Is ilchineálach atá riachtanais phobail freisin. Cé go moltar cur chuige limistéarbhunaithe a ghlacadh i leith an phlean straitéisigh seo chun comhoibriú agus comhpháirtíocht a chinntiú idir an earnáil phobail agus an earnáil stáit, ba cheart tabhairt faoi sin ar bhonn réigiúnach.

4.1. Príomhthoimhdí

- Is as riachtanais phobail, agus ní as eolas earnála i ngach cás, a eascraíonn fiontar shóisialta
- Cé go n-eascraíonn fiontar shóisialta as deiseanna margaidh ó am go chéile, is gnách go mbíonn siad inmharthana ar bhonn ioncaim thrádáilte mar aon le roinnt tacaíochta fóirdheontais nó deontais
- Is féidir go mbeidh deiseanna fiontar shóisialta sonrach do limistéir nach bhfuil grúpaí ar fáil iontu chun dul chun cinn a dhéanamh ar dheiseanna ag na céimeanna tosaigh
- Is féidir nach mbeidh fáil áitiúil ar an saineolas a theastaíonn ón bhfiontar sóisialta
- Ní réiteach ar gach riachtanas pobail atá i bhfiontar shóisialta – ní féidir le cur chuige fiontar shóisialta freastal ar gach riachtanas pobail
- Tá riosca i gceist le fiontar shóisialta, ach is féidir leo toradh sóisialta suntasach agus tionchar sóisialta a sholáthar freisin
- Ba cheart an tacaíocht d'fhiontar shóisialta a bheith bunaithe ar thairbhe shoiléir pobail. Is féidir leo sin a bheith ina dtairbhe atá bainteach le seirbhísí, ina dtairbhe atá bainteach le fostaíocht, ina dtairbhe comhshaoil nó ina dtairbhe gheilleagrach.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

4.2. Aidhmeanna straitéiseacha

Tá na haidhmeanna straitéiseacha thíos ailínithe leis na trí aidhm atá leagtha amach sa bheartas náisiúnta maidir le fiontraíocht shóisialta, atá mar a leanas: 1) aird agus tuiscint ar fhiontraíocht shóisialta a chothú; 2) fiontar sóisialta a chothú agus a neartú; agus 3) comhleanúnachas beartais níos fearr a bhaint amach.

An beartas náisiúnta maidir le fiontraíocht shóisialta – aidhm 1 **AIRD AGUS TUISCINT AR FHIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA A CHOTHÚ**

Tá cumas uathúil ag an Údarás chun idirchaidreamh a dhéanamh le raon leathan geallsealbhóirí, bíodh siad inmheánach nó seachtrach, maidir le feasacht a mhúscailt ar an acmhainneacht agus na buntáistí a ghabhann le fiontar shóisialta. Bheadh sé mar ról aige na gníomhartha seo a leanas a chomhordú agus a thionscnamh, le tacaíocht ó chomhpháirtithe ó gach earnáil (tá siad sin leagtha amach thíos).

Cuspóir 1 Feasacht a mhúscailt ar an acmhainneacht fiontar shóisialta laistigh den Údarás agus de ghníomhaireachtaí eile stáit			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
▪ Seisiúin faisnéise agus ceardlanna le príomhphearsana agus príomhbhaill foirne an Údaráis a chur ar siúl ar chomh hábhartha atá fiontar sóisialta do straitéis an Údaráis	●	●	
▪ Páirt a thabhairt do gach ball foirne den Údarás, beag beann ar a roinn agus ar a ról, sa phlean straitéiseach seo a chur i bhfeidhm agus a sholáthar (lena n-áirítear giniúint smaointe, i measc nithe eile)	●	●	
▪ Deiseanna a thabhairt d'fhoireann an Údaráis leas a bhaint as cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe oiliúna i bhforbairt fiontar sóisialta. ²⁰	●	●	
▪ Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, ba cheart don Údarás féachaint le dul i bhfeidhm ar an mbeartas agus cleachtas náisiúnta maidir le fiontar sóisialta agus rannchuidiú leis trí pháipéir sheasaimh a fhoilsiú, trí anailís earnála a dhéanamh agus trí rannchuidiú le struchtúir náisiúnta.	●	●	●

20. Mar shampla, tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag forbairt cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar líne i bhforbairt fiontar sóisialta. Tá siad le tosú i bhfómhar na bliana 2021. Beidh an oiliúint dírithe ar thionscnóirí fiontar shóisialta agus ar bhaill foirne de chuideachtaí forbartha áitiúla agus de ghníomhaireachtaí stáit.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 2 Páirt a thabhairt do dhaoine den phobal, lena n-áirítear daoine óga, i bhforbairt fiontar sóisialta			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le gníomhartha óige a bheith á ndéanamh mar chuid de phlean straitéiseach an Údaráis, lena n-áirítear gnéithe fiontar shóisialta		●	
Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hoiliúint i bhforbairt fiontar sóisialta a bheith ar fáil don phobal (lena n-áirítear daoine óga) trí tháillí a urrú.²¹		●	●
Idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí a d'fhorbair uirlisí do scoileanna agus do ghrúpaí óige maidir le forbairt fiontar sóisialta, agus na huirlisí sin a chur in oiriúint don Ghaeltacht.²²	●	●	
Idirchaidreamh a dhéanamh le tionscadail óige agus le seirbhísí óige (lena n-áirítear scoileanna) chun tionscnaimh agus cláir um ghníomhartha fiontar shóisialta (lena n-áirítear gradaim) a fhorbairt		●	●

Cuspóir 3 Obair an Údaráis agus na bhfiontar sóisialta sa Ghaeltacht a chur ar taispeáint agus a chur chun cinn			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Sraith cás-staidéar a chur le chéile ina leagtar béim ar fhiontair shóisialta dhea-chleachtais sa Ghaeltacht lena scaipeadh go forleathan ar áiteanna laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di araon.	●	●	
Plean múscaile feasachta a fhorbairt do ghníomhaireachtaí stáit a bhfuil beagán teagmhála agus tuisceana acu ar fhiontar sóisialta.	●	●	
Gníomhaíocht fiontar shóisialta sa Ghaeltacht a chur chun cinn trí óstáil a dhéanamh ar scoileanna samhraidh fiontar shóisialta agus ar fhéile chultúrtha lena spriodhíreofar ar lucht féachana Gaeltachta nó náisiúnta, ag gníomhú dúinn, b'fhéidir, i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile.			●
Faisnéis a sholáthar ar bhonn rialta do ghrúpaí forbartha Gaeltachta maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil don earnáil fiontar shóisialta ó ghníomhaireachtaí eile.	●	●	●

21. Mar shampla, trí tháillí na n-institiúidí oiliúna agus oideachais a urrú.

22. Mar shampla, tá an Cumann um Staidéar ar Chomharchumainn in Éirinn ag forbairt foireann uirlisí do scoileanna chun comharchumainn a chur chun cinn, agus tá Foróige ag forbairt ábhair agus acmhainní ar fhiontar sóisialta do ghrúpaí óige.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 4 Gradam frontair shóisialta a bhunú don Ghaeltacht			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Gradam frontair shóisialta a fhorbairt, rud lena n-áireofaí dámhachtainí airgeadais agus eile²³ agus lena dtabharfaí páirt don earnáil phobail/dheonach, don earnáil chorparáideach, don earnáil stáit agus don earnáil tríú leibhéal ina fhorbairt agus ina sholáthar. Catagóir gradaim do thionscnóirí óga frontair shóisialta a chur ar áireamh.		●	●

An beartas náisiúnta maidir le fiontraíocht shóisialta – aidhm 2 **FIONTAR SÓISIALTA A CHOTHÚ AGUS A NEARTÚ**

Cuspóir 5 Cur chuige limistéarbhunaithe saincheaptha a fhorbairt i leith an straitéis seo a chur i bhfeidhm trí obair i gcomhar le comhpháirtithe sna réigiúin Ghaeltachta agus trí phleananna áitiúla a fhorbairt			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
- Tosaíochtaí tacaíochta áitiúla agus comhpháirtíochtaí áitiúla a fhorbairt i ngach ceann de na réigiúin Ghaeltachta, lena n-áirítear cuspóirí agus gníomhartha an phlean straitéisigh seo a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla Ghaeltachta. D'áireofaí leis sin: - Comhpháirtíochtaí a chruthú le comharchumainn phobail, le grúpaí pobail, le húdaráis áitiúla (lena n-áirítear oifigí frontair áitiúil), le gníomhaireachtaí forbartha áitiúla, le comhlachtaí stáit, le hinstitiúidí oideachais agus le heagraíochtaí eile	●	●	
Straitéisí forbartha fiontar sóisialta áitiúla a chomhaontú, ar straitéisí iad a bheadh bunaithe ar bhearnaí sa tacaíocht a dhúnadh, ar choincheapa tosaíochta frontair shóisialta a fhorbairt (ar bhonn riachtanais an phobail), ar thacaíochtaí breise a ghíaráil agus ar luach a chur le tacaíochtaí atá ann cheana.		●	

²³. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis na dámhachtainí rochtain ar thacaí teicniúla agus ar thacaí pro bono ó urraitheoirí san earnáil chorparáideach.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 6 Tacaíochtaí tiomnaithe a sholáthar d'fhiontair shóisialta, agus an tÚdarás a bhunú mar ionad barr feabhais d'fhorbairt fiontar sóisialta sa Ghaeltacht			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Clár tacaíochta fiontar geilleagair shóisialta a fhorbairt le haghaidh fiontair shóisialta atá ann cheana agus fiontair shóisialta nuathionscanta a chomhlíonann na critéir le haghaidh a gcuir ar áireamh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht 'tacaíocht dlúth-thionscadail'.²⁴		●	
Baill foirne den Údarás a shannadh chun tabhairt faoin ról mar chomhairleoirí fiontair shóisialta a sholáthródh tacaíochtaí dlúth-thionscadail agus teicniúla i ngach ceann de na seacht réigiún d'fhiontair shóisialta a fhreastalaíonn ar na tosaíochtaí áitiúla do na réigiúin.²⁵	●	●	
Clár tacaíochta d'fhiontair shóisialta (ó chéim na smaointe i leith) a chur i bhfeidhm sna trí réigiún Gaeltachta (Connachta/Laighin, an Mhumhain agus Dún na nGall), rud lena n-áireofar forbairt coincheap, pleanáil indéantachta agus gnó, iarratais ar mhaoiniú, forbairt grúpa, tacaíocht oiliúna, corprú dlíthiúil, forbairt boird agus tacaíocht rialachais, agus an t-eolas is deireanaí ar dheiseanna maoinithe.		●	●
Ba cheart an clár tacaíochta a úsáid freisin chun cuspóirí straitéiseacha eile a sholáthar (taighde, samplaí cáis, comhghuaillíochtaí a chothú, oiliúint, samhlacha comhoibríochta a iniúchadh, líonrú a éascú, múscailt feasachta agus obair bheartais, i measc nithe eile), faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.		●	●
Tacú le gach ceann de na hionaid tacaíochta réigiúnacha agus le baill foirne léargas a ghnóthú ar na saintopaicí lena ngabhann tábhacht, éirí ina n-ionaid bharr feabhais agus aistriú na foghlama sin a chur chun cinn ar fud na seacht réigiún uile.²⁶		●	●
Feidhm tacaíochta dlúth-thionscadail a ghlacadh agus dul i gceannas ar a forbairt le haghaidh coincheapa roghnaithe fiontair shóisialta (a d'fhéadfadh ardtionchar sóisialta a bheith acu, ar féidir leo rannchuidiú le cuspóirí straitéiseacha agus ar dóigh dóibh bheith ina dtionscadail taispeána²⁷), i gcás nach bhfuil aon ghrúpa tionscnóirí i bhfeidhm, agus tacú le grúpa nó le heagraíocht pobail struchtúir rialachais a bhunú.		●	●
Buiséad a chur ar leataobh d'fhorbairt coincheapa fiontair shóisialta agus fiontair shóisialta atá ann cheana. Anailís féidearthachta freisin ar phríomhfhiontair shóisialta (e.g. fuinneamh in-athnuaite, moil dhigiteacha, déantúsaíocht agus fiontair shóisialta atá faoi stiúir an mhargaidh, etc.), pleananna gnó, oiliúint agus tacaíocht mheantóra. Féachaint an bhféadfaí dul i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha eile.	●	●	●

24. D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo leis na critéir le haghaidh fiontair shóisialta a chur ar áireamh le haghaidh tacaíochta: 1) spriocdhírú ar phobail faoi mhíbhuntáiste agus ar phobail scoite sa Ghaeltacht; 2) freastal ar riachtanais phobail agus ar thosaíochtaí pobail (maidir le soláthar seirbhíse, le cruthú fostaíochta agus leis an acmhainneacht chun tionchar comhshaoil a bhaint amach); agus 3) an cumas a bheith acu chun inmharthanacht fhadtéarmach a bhaint amach (trí ioncam trádála i dteannta deontais nó fóirdheontais).

25. Mar shampla, d'fhéadfadh na baill foirne sin den Údarás a bheith ina bhfeidhmeannaigh forbartha nó ina mbaill foirne bhreise a chaithfear a earcú. Chuirfí ball foirne amháin ar a laghad i ngach réigiún i leataobh chun obair i gcomhar le fiontair shóisialta.

26. Mar shampla, d'fhéadfadh gach réigiún saineolas a fhorbairt i limistéir shonracha, lena n-áirítear: 1) deiseanna fiontair shóisialta a eascraíonn as an mbeartas éiritheach rialtais (e.g., gníomhú ar son na haeráide); 2) Líonraí AE agus deiseanna tionscadail AE; 3) comhpháirtíochtaí trasearnála agus trasteorann a fhorbairt, lena n-áirítear daonchairdeas agus leasanna earnála príobháidí; 4) Cás-staidéir idimáisiúnta ar an gcleachtas i bpríomhearnálacha (an turasóireacht, an cúram do dhaoine scothaosta).

27. Mar shampla, tionscnaimh mhórsála fuinnimh in-athnuaite nó tionscadail mhórsála bhonneagair.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 7 Feabhas a chur ar acmhainneacht na bhfiontar sóisialta atá ann cheana			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Sraith 'máistir-ranganna' a fhorbairt chun comhairle shaineolaíoch speisialaithe a thabhairt maidir le príomh-shaincheisteanna agus príomhdheacrachtaí a dhéanann difear d'fhiontair shóisialta (e.g., maidir le comhlíonadh, le saincheisteanna dlíthiúla agus le bainistíocht acmhainní daonna).	●	●	●
Úsáid a bhaint as deiseanna le haghaidh oiliúint ar líne a sholáthar trí chlár oiliúna ar fud na Gaeltachta d'fhiontair shóisialta, ar clár iad a bheidh bunaithe ar théamaí coiteanna agus ar eispéiris choiteanna amhail céim na forbartha (e.g., an chéim réamhthionscnaimh, an chéim fáis), méid an láimhdeachais nó an earnáil (e.g., ionaid phobail, cúram leanaí). Thacódh sé sin freisin le haistriú foghlama le linn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coiteanna.			●
Oiliúint neamhchreidiúnaithe réamhléiritheach i bhfiontar sóisialta a chur ar cheannairí pobail agus ar oibrithe óige.		●	
Iniúchadh a dhéanamh ar an éileamh, agus ar an bhfáil, ar chlár chreidiúnaithe oiliúna do thionscnóirí fiontair shóisialta, lena n-áirítear oiliúint ar líne.		●	
Cás-staidéir agus samplaí ó Éirinn (agus ó thíortha eile) in earnálacha amhail gníomhú ar son na haeraide/an geilleagar ciorclach (lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite), an turasóireacht agus an cúram do dhaoine scothaosta, d'fhéadfaí iad a chur i láthair trí cheardlanna ar líne, a bhfuil de chumas acu taithí ó mhórlimistéar geografach a tharraingt isteach.	●	●	●
Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna éagsúla maidir leis an indéantacht a ghabhann le fiontar sóisialta 'seirbhísí comhroinnte' d'eagraíochtaí earnála pobail agus d'fhiontair shóisialta (acmhainní daonna, párolla, comhlíonadh, rialachas, etc.) chun dúbláil a sheachaint agus chun acmhainneacht na hearnála a bhreisiú.²⁸		●	●
Samhlacha úinéireachta agus comhoibrithe a iniúchadh trí struchtúir chuideachta sealbhaíochta, trí chomhfhiontair, trí chumaisc agus trí roghanna struchtúracha eile (amhail cuideachtaí forbartha fiontar sóisialta limistéarbhunaithe) chun luach a chur leis an earnáil agus chun dúbláil a sheachaint, agus na samhlacha sin a chur chun cinn le fiontair shóisialta.		●	●

Cuspóir 8 Deiseanna áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta líonraithe a fhorbairt don earnáil			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Tacú le líonra fiontar sóisialta Gaeltachta a fhorbairt, rud a chabhródh le fiontair shóisialta aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna imní choitinn trí oiliúint, trí cheardlanna, trí chomhthionscnaimh, trí thathant agus trí ghníomhaíochtaí eile.	●		
Tacú le caidreamh trasteorann agus trasnáisiúnta agus le deiseanna trasteorann agus trasnáisiúnta líonraithe le haghaidh forbairt fiontar sóisialta, lena n-áirítear cuairteanna staidéir (mar shampla, ar phobail oileáin agus tuaithe in Albain).	●	●	
Páirt a ghlacadh i líonraí in Éirinn²⁹ agus i dtíortha eile³⁰ agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe d'fhonn tionscnaimh, clár agus deiseanna a fhorbairt chun foghlaim a chomhroinnt ar mhaithe le pobail Ghaeltachta.	●	●	
Cur chun cinn a dhéanamh ar dheiseanna don earnáil chorparáideach agus don earnáil fiontar idirchaidreamh a dhéanamh le fiontair shóisialta maidir le tacaíocht theicniúil agus le rochtain ar thacaíocht pro bono. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i gcomhar le líonra fiontar sóisialta Gaeltachta.		●	

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 9 Tionscnaimh ghiniúna smaointe a óstáil chun deiseanna nua fiontar shóisialta a shainaithint			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Úsáid a bhaint as saineolas inmheánach Údarás na Gaeltachta chun smaointe féideartha fiontar a shainaithint – go háirithe iad sin a bhfuil acmhainneacht fostaíochta acu agus a bheadh ar thairseach na hinmharthanachta tráchtála.³¹	●	●	
Idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe an Údaráis agus le heagraíochtaí eile (lena n-áirítear grúpaí sainleasa earnála corparáidí) chun ceardlanna giniúna smaointe fiontar shóisialta a óstáil, lena n-áirítear deiseanna féideartha trádála agus slabhra soláthair d'fhiontar shóisialta a bhfuil comhpháirtithe earnála corparáidí agus comhpháirtithe eile acu.		●	

Cuspóir 10 Measúnú a dhéanamh ar bhonneagar ó thaobh na hacmhainneachta fiontar shóisialta de			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Measúnú a dhéanamh ar an ngá le spás/saoráidí le haghaidh forbairt fiontar sóisialta sa Ghaeltacht		●	●
Iniúchadh a dhéanamh ar an spás neamhúsáidte nó tearcúsáidte atá ann cheana, lena n-áirítear spás atá faoi úinéireacht comhlachtaí stáit, agus fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an spás sin a aistriú chuig fiontar shóisialta réadmhaoine pobail nó le hé a úsáid chun spás a sholáthar lena áitiú ag fiontar shóisialta.			●

An beartas náisiúnta maidir le fiontraíocht shóisialta – aidhm 3 COMHLEANÚNACHAS BEARTAIS NÍOS FEARR A BHIAINT AMACH

Cuspóir 11 Luach a chur le hobair Údarás na Gaeltachta trí ghníomhartha a phromhadh ó thaobh a n-ábharthachta d'fhiontar shóisialta de			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Tabhairt faoi chleachtadh lena ndéanfar gach réimse gníomhaíochta straitéisí de chuid an Údaráis a phromhadh ó thaobh a n-ábharthachta d'fhiontar shóisialta de agus, dá éis sin, gníomhartha fiontar shóisialta a chomhtháthú isteach sa réimse gníomhaíochta ábhartha.	●		
Gníomhartha fiontar shóisialta a chomhtháthú isteach i bhfeidhmeanna ábhartha pleanála agus cur chun feidhme an Údaráis.	●	●	
Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le hÚdarás na Gaeltachta fiontar shóisialta a chur ar áireamh i soláthar a chuid oibre (e.g., trí sholáthar, trí sheirbhísí a chonrú, trí thionscadail gteic agus tionscadail straitéiseacha a sholáthar agus trí thacaíochtaí earnála agus cláir oiliúna a sholáthar d'fhiontar shóisialta)	●	●	●

28. Mar shampla, d'fhéadfaí tairiscint seirbhíse [Crann](#) a iniúchadh ó thaobh a hábharthachta don Ghaeltacht de.

29. Mar shampla, Cumann Comhareagraíochtaí na hÉireann (ICOS), Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann, Líonra Forbartha Áitiúla na hÉireann (ILDN), Fiontar Sóisialta Phoblacht na hÉireann (SERI), agus líonraí eile.

30. Mar shampla, [SENScot](#) (Social Enterprise Network Scotland), [Líonra Díesis](#), [Líonra Euclid](#), [REVES](#) agus [CECOP](#).

31. Tá sé sin bunaithe ar shaineolas leathan earnála agus fiontar a bheith á léiriú sa phróiseas comhairliúcháin. Is féidir go mbeidh smaointe gnó ann a bhfuil acmhainneacht fostaíochta acu agus nach gcomhlíonann na ceanglais inmharthanachta le haghaidh fiontar phríobháideacha ach a d'fhéadfadh bheith inmharthana le haghaidh fiontar shóisialta.

Plean gníomhaíochta straitéiseach

Cuspóir 12 Comhghuaillíochtaí a fhorbairt leis an lucht déanta beartas agus le comhlachtaí stáit chun forbairt fiontar sóisialta a chur ar aghaidh			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Comhghuaillíochtaí a chothú le comhlachtaí leathstáit, le hinstiúidí oideachais agus le comhlachtaí eile le haghaidh an straitéis a sholáthar ar an leibhéal áitiúil agus fáil a bheith ar thacaíochtaí breise (e.g., tacaíochtaí boga agus riaracháin ó leithéid LEADER, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, SICAP agus eagrais eile).	●	●	
Tabhairt faoi ról tathanta le gníomhaireachtaí agus leis an rialtas láir le haghaidh forbairt fiontar sóisialta agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na struchtúir náisiúnta arna mbunú chun dul chun cinn a dhéanamh ar an earnáil (lena n-áirítear iad sin arna mbunú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail).	●	●	
Idirchaidreamh a dhéanamh leis na Tionóil Réigiúnacha agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann le haghaidh comhoibrithe agus thionscnaimh AE.	●	●	●
Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh soláthar nó coimisiúnú deiseanna a chruthú d'fhiontair shóisialta Ghaeltachta (laistigh den Údarás agus de chomhlachtaí eile stáit)		●	●

Cuspóir 13 Scála agus tionchar na bhfiontar sóisialta sa Ghaeltacht a thaispeáint			
Gníomh	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3
Tabhairt faoi chleachtadh mapála ar an ngníomhaíocht fiontair shóisialta ar fad agus ar an méid a rannchuidíonn sí le geilleagar na Gaeltachta.		●	
Tomhas tionchar: sonraí a bhailiú ar bhonn leathbhliantúil faoi thionchar geilleagrach agus sóisialta na bhfiontar sóisialta sa Ghaeltacht (e.g., fostaíocht, láimhdeachas agus sócmhainní na hearnála)			●

4.3. Príomhtháscairí Feidhmíochta

Is táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon iad na Príomhtháscairí Feidhmíochta ceannlíne seo agus forbróidh Údarás na Gaeltachta modhanna le haghaidh tionchair agus feidhmíocht na straitéise a ghabháil de réir mar a bhaineann siad le mórstraitéis Údarás na Gaeltachta agus leis na mórthairbhí don phobal.

Príomhtháscairí Feidhmíochta ceannlíne:

- Feasacht mhéadaithe ar fhiontair shóisialta i measc fiontar, pobal agus an lucht déanta beartas
- Líon méadaithe saorálaithe i bhfiontair shóisialta
- An líon comhoibrithe nua/tionscadal comhoibríoch arna bhforbairt
- An líon gníomhaíochtaí fiontair shóisialta nua lena spriocdhírítear ar phríomhphobail agus ar phríomhearnálacha
- Inbhuanaitheacht mhéadaithe fiontar sóisialta sa Ghaeltacht
- An líon post nua arna gcruthú ag fiontair shóisialta

Plean gníomhaíochta straitéiseach

4.4. Cur i bhfeidhm

Chun an plean gníomhaíochta a eascróidh as an straitéis seo a chur i bhfeidhm, beidh sásanna cur i bhfeidhm ag teastáil. Maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag fiontair shóisialta, tá sé difriúil ó réigiún Gaeltachta go réigiún Gaeltachta ó thaobh na hacmhainneachta agus na n-acmhainní atá ar fáil de, ó thaobh na spéise ó ghrúpaí pobail agus ó eagraíochtaí eile de agus ó thaobh na gníomhaíochta a nglacfaidh fiontair shóisialta páirt inti de.

Tá an margadh le haghaidh tionscnaimh fiontair shóisialta nó díriú seirbhíse na dtionscnamh fiontair shóisialta difriúil ó réigiún Gaeltachta go réigiún Gaeltachta freisin agus d'fhéadfadh go dteastódh uathu pleananna atá sonrach don réigiún a ullmhú chun an leas is mó a bhaint as an bhféidearthacht le haghaidh fiontar sóisialta ar fud na limistéar Gaeltachta uile. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar an tsaincheist um chistiú agus tacaíochtaí an Údaráis a ailíniú leis na cláir mhaoinithe agus thacaíochta atá ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla, do na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, do na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus do na hOifigí Fiontair Áitiúil.

Tiocfaidh an straitéis faoi shainchúram foriomlán Stiúarthóireacht Forbartha Réigiúnaí, Pobail agus Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta. Maidir leis na gnéithe den straitéis atá le modhnú agus le cur in oiriúint do limistéir áitiúla, cuirfear i bhfeidhm iad trí ghrúpaí oibre áitiúla limistéarbhunaithe i ngach ceann de réigiúin an Údaráis, a tharraingeodh roinnt geallsealbhóirí isteach chun acmhainní a ghíaráil agus chun luach a chur leis na tacaíochtaí atá ann cheana.

Mar gheall ar an gcomhthéacs forbartha áitiúla a n-oibríonn an tÚdarás laistigh de, is féidir go mbeidh eagraíochtaí comhpháirtíochta in ann dul chun tosaigh i roinnt de na gníomhartha atá le forbairt. Is féidir go mbeidh sé riachtanach roinnt gníomhartha a thriail i roinnt limistéar geografach agus, a luaithe a bheidh siad curtha i bhfeidhm go rathúil, d'fhéadfadh an tÚdarás cás a dhéanamh le tabhairt fúthu i limistéir eile.

COMHPHÁIRTITHE FÉIDEARTHA	
Comharchumainn Phobail agus Cuideachtaí	Eintitis earnála corparáidí atá gafa leis an Údarás
Fiontair shóisialta	Comhlachais Tráchtála i limistéir Ghaeltachta
Údaráis Áitiúla (lena n-áirítear Líonraí Rannpháirtíochta Pobail)	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Oifigí Fiontair Áitiúil	Institiúidí acadúla
Coistí Forbartha Pobail Áitiúil	Grúpaí óige
Tionóil Réigiúnacha	Boird Oideachais agus Oiliúna
Líonraí fiontar sóisialta in Éirinn agus i dtíortha eile	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
Comhlachtaí Leader	Gníomhaireachtaí Céime Forbartha ábhartha
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán	Grúpaí Forbartha Áitiúla



Cás-staidéir

Dún na
nGall



Comharchumann
Turasóireachta
Árainn Mhór
P42



Comharchumann
Thorai
P46



Cill Ulta
P50



Forbairt Fhánada
P54

Maigh Eo



Ionad
Deirbhile
P58

Gaillimh



Ionad
Cuimhneacháin
na nImlirceach
P62



Comharchumann
Mhic Dara
P66



Áras Éanna
P68

Ciarraí



Coláistí Chorca Dhuibhne
P74


Corcaigh



Comharchumann
Forbartha Mhúscraí
P78



Drioglann Inis Chléire
P82



CÁS-STAIDÉIR #1

Comharchumann Turasóireachta Árainn Mhór

Áiseanna turasóireachta a fhorbairt ar an oileán



Baile Saoire Árainn Mhór

Cúlra

Bunaíodh Comharchumann Oileán Árainn Mhór CTR sa bhliain 1977. Bhunaigh sé Comharchumann Turasóireachta Árainn Mhór sa bhliain 1984 ansin chun bonneagar agus áiseanna turasóireachta agus deiseanna fostaíochta a fhorbairt ar an Oileán trí lóistín féinfheastail a chur ar fáil do chuairoteoirí.

Tógadh Baile Saoire Árainn Mhór mar thoradh ar an gcéad chomórtas um dhearadh tithe saoire riamh in Éirinn. D'eagraigh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann an comórtas thar ceann Chomharchumann Oileán Árainn Mhór. Ba iad Ailtirí O'Dowd, O'Herlihy agus Horan, Baile Átha Cliath, a bhuaigh an comórtas. Tógadh na tithe trí scéim FÁS. Rinne Jean Kennedy Smith an Baile Saoire a oscailt go hoifigiúil sa bhliain 1997.



Árainn Mhór



Árainn Mhór

Forbairt

2000 – Cuireadh le háiseanna an Bhaile Saoire nuair a tógadh Cultúrlann ar an suíomh, le tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta (seomraí cruinnithe/ranga, caifé, taispeántais, Ionad Seirbhísí Teanga agus Ionad Eolais do chuairteoirí).

2013 – Tógadh áiseanna spóirt ar an suíomh, le tacaíocht ó chiste LEADER (cúirt leadóige, seomraí ceatha agus leithris).

2019-2021 – Uasghrádaíodh an córas fuinnimh sa Bhaile Saoire thar thréimhse 3 bliana, le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (fuinneoga déghloinithe, soirn millíní adhmaid, painéil ghréine, insliú ar bhallaí na dtithe).

2021 – Uasghrádaíodh an Baile Saoire le tacaíocht ó chiste LEADER, ó Údarás na Gaeltachta agus ó Chomhairle Contae Dhún na nGall (tírdhreachú, dromchla tarmac, córas draenála, uasghrádú ar na seomraí ceatha, troscán nua)

2021 – Fuarthas cead pleanála le haghaidh suíomh do veaineanna campála a fhorbairt sa Bhaile Saoire, agus é dírithe ar chuairteoirí chun an Oileáin. Na háiseanna atá ar fáil: áiseanna páirceála; pointí luchtaithe leictirigh; áiseanna leithris agus ceatha; agus foinse fionnuisce. Fuarthas tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.

Uimhreacha

1984

Bunaíodh Comharchumann
Turasóireachta Árainn
Mhór sa bhliain 1984.

1997

Rinne Jean Kennedy Smith
an Baile Saoire a oscailt go
hoifigiúil sa bhliain 1997.

2021

Fuarthas cead pleanála
le haghaidh suíomh do
veaineanna campála a
fhorbairt sa Bhaile Saoire.



Teach Solais Árainn Mhór

Struchtúr

- Cara-chumann agus fochuideachta de chuid Chomharchumann Oileán Árainn Mhór CTR
- Coiste deonach

Airgeadas

Ba iad na geallsealbhóirí nuair a bunaíodh an Baile Saoire ná Comharchumann Oileán Árainn Mhór CTR, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Éireann, Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn.

Pleananna amach anseo

Áiseanna campála a fhorbairt ar an suíomh.



CÁS-STAIDÉIR #2

Comharchumann Thoraí

Ag soláthar spás fiontraíochta chun fostaíocht a chur ar fáil ar Thoraigh.



Club Óige, Toraigh

Cúlra

Bunaíodh Comharchumann Thoraí Teo. sa bhliain 1971. Is é príomhchuspóir an Chomharchumainn saol sóisialta, geilleagrach, cultúrtha, teanga agus comhshaoil mhuintir Thoraí a fhorbairt agus a chothú. Tá daoine ag cónaí ar Thoraigh leis na mílte blianta anuas agus tá stair agus miotaseolaíocht fite fuaite leis an Oileán – Balor na Súile Nimhe, lonnaíocht mhainistreach Cholmcille agus Báidín Fheilimí san áireamh.

Tháinig an tOileán trí na céadta blianta de chreachadóireacht foghlaithe mara, de chánachas ioncaim aimsir na bPéindlíthe agus de bhagairt an dídhonraithe. Tá muintir Thoraí ábalta brath orthu féin agus tá siad seasmhach. Is iomaí stoirm ar sheas siad ina héadan, agus iad ag teacht amach ar an taobh eile de i gcónaí. Cónaíonn pobal rathúil ar Thoraigh sa lá atá inniu ann. Cuimsíonn sé múinteoirí, ealaíontóirí, mairnéalaigh agus lucht báid, daoine deaslámhacha, tógálaithe, caomhnóirí, amhránaithe, taibheoirí agus ceoltóirí – bíonn an daonra ag fás.

Beidh an tIdirlíon, cianobair agus forbairt leanúnach an tionscail turasóireachta mar bhonn agus thaca ag cobhsaíocht dhaonra an Oileáin. Mar aon leis na cleachtais oibre a bhíonn ag athrú, oibreoidh an tÚdarás agus an tOifigeach





Toraigh

Pleanála Teanga i gcomhar lena chéile chun fostaíocht a fhorbairt agus chun tacú le hoidhreacht shuibhir teanga agus chultúrtha Oileán Thoraí agus í a chosaint. Tá Toraigh mar thairseach do ré úr, a fhágann go mbeidh Oileán Thoraí ann ar feadh cúpla mílaois eile.

Le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, is é Comharchumann Thoraí Teo. an comhlacht áitiúil atá freagrach as cothabháil bonneagair ar Oileán Thoraí agus as forbairt gheilleagraich agus chultúrtha an Oileáin agus a mhuintire.

Tá Comharchumann an Oileáin comhdhéanta den Bhainisteoir Forbartha Pobail (Marjorie Uí Chearbhaill) agus grúpa de naonúr saorálaithe a toghadh go háitiúil.

Is é Pobal an Oileáin (scairshealbhóirí) a thoghann na daoine a oibríonn go deonach ar an gcoiste. Is le bunreacht an Oileáin a threoraítear feidhmiú an Chomharchumainn. Tá trí phríomhdhualgas ar an gComharchumann, is iad sin:

- An tOileán a chur chun cinn chun a phobal a fhorbairt
- Fónais agus seirbhísí bonneagair áirithe a chothabháil
- Gníomhaíochtaí cultúrtha a spreagadh, a fhorbairt agus a thaispeáint

Ina theannta sin, glacfaidh an tOifigeach Pleanála Teanga a ceapadh ar na mallaibh (Seanán Mac Aoidh) freagracht as cur i bhfeidhm Phlean Teanga Oileán Thoraí, rud ina bhfuil os cionn 30 beart agus a rachaidh i bhfeidhm go deirfach ar an saol ar Oileán Thoraí. I measc na mbeart tá oideachas, saol an phobail, gnó, cultúr agus turasóireacht.

Uimhreacha

1971

Bunaíodh Comharchumann Thoraí sa bhliain 1971.

€200k

Bíonn an láimhdeachas cothrom le thart ar €200,000 in aghaidh na bliana.

€24.8k

Deontas de €24,856.80 ó Údarás na Gaeltachta don síneadh ar an Ionad Pobai



Féile Ealaíne Earagail 2021, Toraigh

Seirbhísí

Seirbhísí Bonneagair

- Club Sóisialta an Oileáin
- Seirbhís Níocháin
- Seirbhísí Héileacaptair agus Lastais
- Seirbhís Forcardaitheora agus Bainistíocht Trealaimh
- Bainistíocht Bóithre agus Cosán
- Grúpscéim uisce
- Réamhscoil agus clós súgartha/páirc spóirt
- Leithris Phoiblí
- Bainistíocht Athchúrsála Bruscar Tí/Crua-earraí
- Mol Teicneolaíochta Faisnéise/Ionad Gnó
- Seirbhísí Riaracháin

Imeachtaí Cultúrtha agus Oideachais

- Faisnéis do thurasóirí agus cur chun cinn an Oileáin
- Imeachtaí cultúrtha a fhorbairt agus a chur i láthair agus tacú leo
- Imeachtaí oideachais a bhainistiú agus a chur i láthair agus tacú leo
- Tacú le himeachtaí pobail
- Campa Samhraidh
- Club Óige
- Naíonra
- Bailte Slachtmhara

Bainistíocht agus Fostaithe Chomharchumann Thoraí

- Bainisteoir lánaimseartha Forbartha Pobail (Marjorie Uí Chearbhaill)
- Coiste bainistíochta – grúpa de naonúr saorálaithe a toghadh go háitiúil
- Ionad Níocháin – fostaí páirtaimseartha amháin
- Ionad Lae – fostaí páirtaimseartha amháin
- Grúpscéim Uisce – fostaí páirtaimseartha amháin
- Scéimeanna fostaíochta pobail – ceathrar fostaithe
- Seirbhís héileacaptair – seisear fostaithe páirtaimseartha

Airgeadas

Bíonn an láimhdeachas cothrom le thart ar €200,000 in aghaidh na bliana.

- Údarás na Gaeltachta (deontas reáchtála na nEagras Forbartha Pobail)
- Cíos – Coláiste Cholmcille
- Cíos – Leithris Phoiblí
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhairle Contae Dhún na nGall
- LEADER
- FLAG – Bord lascaigh Mhara



Ionad Pobail & Spás oifige CC Thoráí

Tionscadal Ghréasán Digiteach na Gaeltachta (gteic) – Síneadh leis an Ionad Pobail

Tá cead pleanála faighte againn le haghaidh Ionad Nuálaíochta a thógáil in aice leis an Ionad Pobail/Oifig Chomharchumann Thoráí. Is síneadh le foirgneamh an Ionaid Phobail atá i gceist leis an tionscadal seo. Áireofar na seirbhísí seo a leanas leis an tionscadal úr sin:

- Seomra oiliúna
- Spás oifige
- Leithris
- Cistin
- Príomhsheomra – 14 dheasc chun cianobair a éascú.

Shuiteálar cónas úr leathanbhanda ardluais san ionad anuraidh mar chuid den phlean náisiúnta leathanbhanda, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus ceanglóimid an tionscadal úr leis an gcónas sin. Is deis iontach í seo chun fostaíocht a chruthú, agus táimid ag súil go mbeimid ábalta teaghlaigh a mhealladh ar ais chuig an Oileán nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe. Ceadaiódh deontas €248,565.00 don tionscadal, 95% den chostas iomlán:

- LEADER: €186,423.75 (75%)
- Údarás na Gaeltachta: €24,856.50 (10%)
- Comhairle Contae Dhún na nGall: €24,856.50 (10%)
- Airgead CC Thoráí: €12,428.25 (5%)

*Comhoibreoimid le hÚdarás na Gaeltachta chun an Gréasán Digiteach Gaeltachta seo a fhorbairt agus chun fostaíocht a chruthú ar an Oileán.

CÁS-STAIDÉIR #3

Cill Ulta

*An bithgheilleagar a chur chun cinn trí
acmhainní dúchasacha inbhuanaithe*



Eithne Nic Lochlainn, bainisteoir LAN

Cúlra

Pobal Gaeltachta atá lonnaithe sa chuid is faide siar ó thuaidh de Dhún na nGall is ea Cloich Cheann Fhaola.

Sa bhliain 2003, bunaíodh LAN chun láithreán sa phobal (ar ar forbraíodh ocht n-acra de thithe gloine mar fhiontar saothrú trátaí sna 1960idí) a athbheochan agus a úsáid ar mhaithe le deiseanna fostaíochta agus oibre a sholáthar. Sholáthair an tionscnamh glasraí agus luibheanna a saothraíodh go háitiúil agus a táirgeadh go hinbhuanaithe do shiopaí, do bhialanna agus do thithe príobháideacha. D'óstáil sé clár oiliúna leibhéal 5 FETAC i nGairneoireacht Táirgthe freisin. Thar thréimhse ceithre bliana, bhain 50 rannpháirtí sa Scéim Fostaíochta Pobail agus 20 duine den phobal leas as an acmhainn sin. Oibríonn LAN naoi bpolathollán, acra amháin den láithreán bunaidh tithe gloine, beachlann agus roinnt gort táirgthe faoi láthair, mar aon le píosa eile talún atá á bhainistiú go sonrach mar láithreán taispeána agus imscrúdaithe do ghnáthóg oiriúnach traonaigh.



Toraigh

Min an Chladaigh



Cill Ulta

An Fál Carrach

Gort an Choirce

Fán Mór



Forbairtí

Ag obair dó trí mheán na Gaeilge chun teanga agus cultúr an réigiúin a chaomhnú, díríonn LAN go príomha ar thrí réimse tathanta anois, is iad sin:

- Cur chun cinn, táirgeadh, agus uasoiliúint an phobail i réimse na talmhaíochta agus na gairneoireachta inbhuanaithe
- Éiceachórais, bithsféir agus flóra agus fána a athghiniúint sa limistéar áitiúil, agus an fheasacht atá orthu a mhéadú, chun acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus chun an tionscal áitiúil éiceathurasóireachta a chur chun cinn
- Geilleagar ciorclach a chruthú chun teorainn a chur leis an lorg carbóin agus leis an spleáchas ar allmhairí, chun úsáid acmhainní inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun éagsúlú geilleagrach agus athléimneacht geilleagrach a mhéadú laistigh den phobal

Trí na gníomhartha sin, soláthraíonn LAN na nithe seo a leanas faoi láthair:

- **Taithí fostaíochta agus oibre:** deiseanna oibre agus oiliúint a sholáthar do bheagnach 40 duine, le tacaíocht ón gClár Seirbhísí Pobail, ón Scéim Shóisialta Tuaithe agus ó scéim Tús. Soláthraíonn sé Preab san Úr, ar clár taithí oibre óige é, agus clár for-rochtana óige freisin.
- **Táirgeadh:** táirgeann sé glasraí agus plandaí agus soláthraíonn sé glasraí, luibheanna, síológa agus plandaí atá saor ó lotnaidicídí agus comhairle maidir le plandaí do 24 cinn de shiopaí áitiúla agus de bhialanna agus do thart ar 100 teaghlach. Le linn phaindéim COVID-19, sholáthraigh sé glasraí do thart ar 60 teaghlach gach seachtain.
- **Oiliúint:** roimh phaindéim COVID-19, thug sé deiseanna oiliúna agus oideachais i ngairneoireacht, i mbithéagsúlacht, in éiceathurasóireacht agus i gceardaíocht do bhreis agus 500 duine de gach aois sa phobal trí raon clár éagsúil.
- **Tionscadail:** tá sé páirteach i roinnt tionscnamh náisiúnta agus AE atá dírithe ar bharr athghiniúnacha talmhaíochta agus oidhreacht agus ar oiliúint. Chum sé Máistirphlean Fuinnimh agus ghlac sé páirt sa chlár 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr' de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Pobail á fhorbairt aige faoi láthair freisin. Tá sé ina chomhpháirtí i roinnt tionscadal taighde le hinstiúidí tríú leibhéal, le Teagasc agus leis an rialtas láir chun an earnáil bia a léarscáiliú agus chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt ar mhaithe le feabhas a chur ar inrianaitheacht agus ar shláinte barr.

“

Táirgeann Cill Ulta glasraí agus plandaí agus soláthraíonn sé glasraí, luibheanna, síológa agus plandaí atá saor ó lotnaidicídí agus comhairle maidir le plandaí do 24 cinn de shiopaí áitiúla agus de bhialanna agus do thart ar 100 teaghlach.

”

Struchtúr

Tá LAN CTR corpraithe mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta agus is carthanas cláraithe é. Tá saineolas ag a bhord ar ghnó agus táirgeadh bia, ar fhorbairt agus tathant pobail agus ar bheartas talmhaíochta.

Airgeadas

Áirítear le foinsí ioncain LAN ioncam trádáilte ó dhíolachán, an Clár Seirbhísí Pobail, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

Dúshláin

Íocaíochtaí meaitseála (20%) a ghiniúint do thionscadail chistithe, rud a bhíonn andochraideach do thionscnaimh mhóra. Earcaíocht: deacrachtaí a bhaineann le teacht ar an saineolas teicniúil a theastaíonn do roinnt dá thionscadail, go háirithe mar gheall ar é a bheith lonnaithe faoin tuath.

Pleananna amach anseo

- **Cill Ulta: Mol Bithghilleagair an Iarthuaiscirt**, a bhfuil mar aidhm leis treisiú leis an earnáil mhéadaitheach bithghilleagair in Iarthuaisceart na hÉireann agus í a fhorbairt.
- **Gairneoireacht Shóisialta agus Theiripeach** – ionad athshlánúcháin a fhorbairt le haghaidh gairneoireacht shóisialta agus theiripeach

Uimhreacha

2003

Bunaíodh LAN chun láithreán sa phobal a athbheochan agus a úsáid ar mhaithe le fostaíochta.

500+

Thug sé deiseanna oiliúna agus oideachais do bhreis agus 500 duine.

24

Soláthraíonn sé 24 siopa agus bialann áitiúil.

40

Deiseanna oibre agus oiliúna a sholáthar do bheagnach 40 duine.



CÁS-STADÉIR #4

Forbairt Fhánada

Ceann scríbe turasóireachta ar leithinis Fhánada



Teach Solais Fhánada le George Karbus

Cúlra

Fiontar sóisialta neamhbhrabúis atá á reáchtáil ag Forbairt Fhánada Teoranta, ar coiste áitiúil deonach é, is ea Teach Solais Fhánada. Is é an príomhní is díol spéise do chuiditheoirí ar leithinis Fhánada. Is limistéar sáráilleachta nádúrtha í leithinis Fhánada, áit a bhfuil cuid mhór ar fáil don chuiditheoir – tránna gainimh scoite, fánaíocht agus cnocadóireacht, cadhcáil, galf, slatiascaireacht agus fáilte mhór ó mhuintir Dhún na nGall. Tá Teach Solais Fhánada ina theach solais oibre ón mbliain 1817. Tá sé ar oscailt don phobal mar ní is díol spéise do thurasóirí ón mbliain 2016, agus cóiríocht uathúil thar oíche ar fáil dóibh i dtrí theachín shár-áthchóirithe a bhí ag na coimeádaithe teach solais roimhe sin.

Tá an túr 22 mhéadar ar airde ó bhunsraith an túir go dtí an barr (gan an laindéar a áireamh). Tá an solas suite 39 méadar os cionn leibhéil na farraige agus tá 76 gcéim ann sa túr – 59 gcéim bhíseacha eibhir agus 17 gcéim dréimire.

Tá Forbairt Fhánada CTR ina fhiontar sóisialta atá á oibriú ag bord deonach stiúthóirí ón bpobal áitiúil, agus é mar aidhm acu an limistéar a fhorbairt trí thurasóireacht. Rud sonrach, tairgimid turais threoraithe ar Theach Solais Fhánada agus an deis chun teachíní bunaidh na gcoimeádaithe teach solais a ghlacadh ar cíos. Tá caifé agus siopa ceardaíochta againn freisin, áit a bhfuil raon de shaothair ealaíne agus cheardaíochta a rinneadh, den chuid is mó, sa limistéar áitiúil – tá inbhuanaitheacht agus an comhshaol fíorthábhachtach dúinn.

Soláthraíonn Cuideachta Bainistíochta Theach Solais Chionn Fhánada saoráidí do chuiditheoirí ar fud na bliana ar fad (i ndlúthchomhar le Coimisinéirí Soilse na hÉireann, le hÚdarás na Gaeltachta agus le Fáilte Éireann).



Fánaid





Struchtúr na heagraíochta

Fostaíonn Teach Solais Fhánada bord císil aonair a chuimsíonn ionadaithe neamhspleácha ón bpobal áitiúil agus ionadaí amháin ó Údarás na Gaeltachta. Déanann na comhaltaí boird formhaoirseacht ar bhainistíocht straitéiseach Theach Solais Fhánada, lena n-áirítear riosca a shainaithint agus straitéisí a fhorbairt chun riosca a íoslaghú. Déanann siad faireachán ar bhainistíocht oibríochtúil éifeachtach na ngníomhaíochtaí uile de chuid Theach Solais Fhánada freisin. Tagann an t-ochtair comhaltaí de bhord Theach Solais Fhánada le chéile ar bhonn míosúil. Ag na cruinnithe sin, cuirtear tuarascálacha airgeadais agus oibríochtúla i láthair do gach gné den fhiontar. Déantar faireachán seasmhach ar ár gclár, a mhéid a bhaineann le húsáid éifeachtúil acmhainní. Baintear é sin amach go príomha trí ghníomhaíochtaí a thuairisciú in aghaidh spriocanna feidhmíochta don bhliain atá le teacht faoi chuimsiú buiséid airgeadais chomhaontaithe. Cheapamar fochoiste airgeadais le déanaí chun faisnéis a fháil faoin toradh leanúnach in aghaidh an bhuiséid, agus chun tuairim a chur in iúl ina leith sin, agus chun comhairle agus cúnamh a thabhairt maidir le hobair an bhoird.

Fostaíonn an bord bainisteoir, a thuairiscíonn don bhord gach mí ar gach gné den fhiontar. Is don bhainisteoir sin a thuairiscíonn gach ball foirne eile. Tá treoraí turais agus oifigeach margaíochta fostaíthe ar bhonn lánaimseartha faoi láthair freisin, mar aon le baill foirne shéasúracha.

Baill foirne

- Bainisteoir – An láithreán, oibríochtaí agus baill foirne eile a bhainistiú agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an mbord agus le gníomhaireachtaí eile.
- Oifigeach Margaíochta – Margaíocht agus Poiblíocht
- Oifigeach Cothabhála – Teachíní, foirgnimh eile agus na tailte a chothabháil i gcoitinne
- Treoraí Turais agus Oibrí Ginearálta – Turais threoraithe a sholáthar, cabhrú le baill foirne shéasúracha a oiliúint agus bualadh le cuairteoirí agus beannú dóibh
- Baill foirne shéasúracha, thart ar dhá réag – Turais threoraithe a sholáthar agus obair sa chaifé/sa siopa/san oifig ticéad.

Uimhreacha

1817

Tá Teach Solais Fhánada ina theach solais oibre ón mbliain 1817.

2016

Tá sé ar oscailt mar ní is diol spéise do thurasóirí ón mbliain 2016.

39M

Tá an solas suite 39 méadar os cionn leibhéal na farraige.

20k

Tugann thart ar 20,000 cuairteoir cuairt air gach bliain.

Gníomhaíochtaí

Cé go bhfuil Fánaid ina limistéar sárailleachta nádúrtha ag a bhfuil féiniúlacht láidir Éireannach, níor bhain sí barr a gcumaís turasóireachta amach go fóill. Tugann Teach Solais Fhánada deis dúinn tionscadal turasóireachta den chéad scoth a sheoladh agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach don limistéar. A bhuí le Slí an Atlantaigh Fhiáin (atá ar cheann amháin de na trí Phointe Sár-Radhairc atá againn i gContae Dhún na nGall) agus leis an nasc atá aige leis an gcósta thuaidh, d'fhéadfadh an tionscnamh turasóireachta sin turasóireacht réigiúnach a spreagadh agus fostaíocht dhíreach agus indíreach a chruthú don mhuintir áitiúla. Tá Teach Solais Fhánada, ar láthair íocónach é, ina phointe fócasach do chuairteoirí ar an leithinis anois agus tá seachghnólachtaí á mbunú cheana féin sa limistéar dá bharr sin. Ar an meán gach bliain, bíonn níos mó ná 70% den chóiríocht in úsáid agus faighimid thart ar 20,000 cuairteoir, a bhféadfadh go mbeadh fonn orthu ithe agus siopadóireacht a dhéanamh sa limistéar áitiúil agus leas a bhaint as na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil ann.

Tá an teach solais ina mhol don phobal áitiúil anois. Tagann an mhuintir áitiúla le chéile ag ócáidí amhail 'Fright at the Light' ar Oíche Shamhna, an fhéile 'Shine a Light on Summer', ócáidí saor in aisce do dhaoine de gach aois le linn Sheachtain na hOidhreacht agus ócáidí eile le linn na bliana. Comhoibrímid le heagraíochtaí eile pobail ar ócáidí amhail Féile Fhánada. Baineann eagraíochtaí eile pobail – Cóstaí Glana Fhánada agus Gaeltacht Bheo Fhánada ina measc – úsáid as ár spás le haghaidh cruinnithe agus bíonn rannpháirtíocht láidir áitiúil ann in ócáidí Sheachtain na hOidhreacht. Is sinne an tlonad Seirbhísí Teanga do Ghaeltacht Fhánada anois. Mar fhiontar sóisialta suaitheanta i nGaeltacht Fhánada, tá an Ghaeilge mar ghné lárnach dár mbeartaí agus dár n-oibriú. Is Gaeilgeoirí atá i gcuid mhór dár mbaill foirne, agus Gaeilge á labhairt anseo gach lá. D'óstálar a lán Oícheanta Airneáil (oícheanta ceoil agus sóisialta) do phobal Gaeilge Fhánada thar na blianta agus tá sé beartaíte againn preab-Ghaeltacht a reáchtáil ag an Teach Solais le linn Sheachtain na Gaeilge i mbliana.

Reáchtálaimid lá oscailte turasóireachta agus seirbhísí do sholáthraithe turasóireachta i bpobal Fhánada freisin ar mhaithe le soláthraithe seirbhíse éagsúla a thabhairt le chéile chun bróisiúir agus faisnéis a mhalartú lena chéile agus chun líonrú lena chéile. Ar an mbealach sin, is féidir linn obair le chéile chun tairbhe fhrithpháirteach a bhaint amach.

Airgeadas/Acmhainní

Bíonn an láimhdeachas cothrom le thart ar €300,000 in aghaidh na bliana. Foinsí maoinithe:

- An deontas ó Údarás na Gaeltachta chun Oifigeach Margaíochta a fhostú
- Maoiniú ó Pobal faoin gClár Seirbhísí Pobail
- Ioncam cíosa (Cóiríocht agus Ionaid Tionóil a ligean ar cíos)
- Turais/Miondíol/Ócáidí

Pleananna amach anseo

Is le Coimisinéirí Soilse na hÉireann an réadmhaoin, agus í á ligean ar cíos le Forbairt Fhánada CTR (FFC) faoi láthair. Tá sé mar chuspóir ag Forbairt Fhánada Teoranta maoiniú a áirithiú faoi Chatagóir 1 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun saoráidí níos fearr a fhorbairt do chuairteoirí ar Theach Solais Chionn Fhánada – táthar ag súil leis go ndéanfar iarratas sa bhliain 2023.

Is iad seo na cuspóirí atá le Céim 3:

- An acmhainn atá ag Teach Solais Chionn Fhánada mar ní is díol spéise do chuairteoirí a bhaint amach, feabhas a chur ar an eispéireas cuairteora agus méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an láthair agus ar an méid ama (agus airgid) a chaitear inti.
- A chinntiú go mbeidh gach rud a dhéanfar inmharthana ón taobh eacnamaíoch de.
- A chinntiú go mbeidh an láthair inbhuanaithe sa todhchaí trí dhea-dhearadh agus trí dhea-bhainistíocht.
- An cumas chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn.



lóistín ag Teach Solais Fhánada



CÁS-STAIDÉIR #5

Ionad Deirbhile

Tionscnaimh phobail a bhainistiú, agus cur chun cinn na turasóireachta.



Cúlra

Bhunaigh an pobal áitiúil ar an Muirthead (Maigh Eo Thuaidh) an tionscnamh sa bhliain 1995 agus tá sé cláraithe mar chomharchumann. Diríonn sé ar dheiseanna a fhorbairt do réigiún Gaeltachta na hEachléime, an Gheata Mhóir Theas agus an Fhóid Duibh ar an Muirthead.

Cabhraíonn agus tacaíonn an Comharchumann le tionscnaimh phobail agus bainistíonn sé iad, agus béim á cur aige ar chaomhnú na Gaeltachta agus na Gaeilge. Imríonn sé ról tábhachtach i dturasóireacht a chur chun cinn freisin.

Rinne sé na nithe seo a leanas go dtí seo:

- Ionad Oidhreachta Deirbhile a thógáil,
- Clós súgartha a fhorbairt do leanaí,
- Gairdín cuimhneacháin eisimirce a fhorbairt,
- An halla pobail a athchóiriú,
- Foirgneamh naíonra a thógáil,
- Saoráid gteic a fhorbairt sa halla pobail, agus
- Teach Solais an Fhóid Duibh a oscailt do chuairoteoirí a íocann táille.





Cuan an Fhóid Dhuibh

Gníomhaíochtaí

- Teach Solais an Fhóid Duibh a bhainistiú mar ní is díol spéise do thurasóirí (osclaíodh é sa bhliain 2021 agus tháinig 1,800 cuairteoir chomh fada leis go dtí seo)
- Mol faisnéise agus faighneog caife a bhainistiú in aice leis an teach solais
- gteic@AnEachléim a bhainistiú
- Halla pobail a bhainistiú (rud a bhíonn in úsáid ag clubanna óige an Chomharchumainn agus le haghaidh ócáidí séasúracha agus teaghlaigh)
- Ionad Oidhreacht Deirbhile a bhainistiú (atá dúnta faoi láthair, agus é ar feitheamh atógáil).

Tugann an Comharchumann faoi obair pleanála teanga, soláthraíonn sé seirbhísí oiliúna agus sainaithníonn sé deiseanna nua forbartha turasóireachta agus pobail freisin.

Oibríochtaí agus baill foirne

Tá triúr ball foirne lánaimseartha ag an gComharchumann, is iad sin: an Bainisteoir, an tOifigeach Turasóireachta agus an tOifigeach Pleanála Teanga.

Oibríonn 1.5 ball foirne (mar aon le duine amháin de chuid scéim Tús) sa teach solais. Tá ball foirne páirtaimseartha amháin (mar aon le duine amháin de chuid scéim Tús agus duine amháin de chuid na Scéime Sóisialta Tuaithe) fostaithe sa mhol faisnéise agus san fhaighneog caife.

Uimhreacha

1995

Bunaíodh an comharchumann sa bhliain 2010.

2021

Osclaíodh Teach Solais an Fhóid Duibh sa bhliain 2021 mar ní is díol spéise do thurasóirí

1.8k

Tháinig 1,800 cuairteoir chomh fada leis go dtí seo

“

Tá Teach Solais an Fhóid Duibh, an mol faisnéise agus an fhaighneog caife mar chéad chéim de thionscadal mór atá á fhorbairt ag an gComharchumann, rud ar a dtugtar Áras Scéalta an Atlantaigh. Áirítear leis sin ionad míniúcháin agus mol turasóireachta

”

Airgeadas agus tacaíochtaí

- An deontas reáchtála ó Údarás na Gaeltachta.
- Is le Coimisinéirí Soilse na hÉireann an teach solais (ligtear cuid den fhoirgneamh ar léas le Comhairle Contae Mhaigh Eo, a thug ceadúnas don Chomharchumann ansin an teach solais a oscailt don phobal).
- Is leis an gComharchumann an fhaighneog (an fhaighneog caife agus an mol faisnéise). Úsáidtear an t-ioncam a ghintear chun tacú le tionscnaimh phobail agus chun feabhas a chur ar shaoráidí.
- Is leis an gComharchumann an halla pobail ina bhfuil gteic@AnEachléim lonnaithe. Is leis an gComharchumann freisin an t-ionad oidhreachta (Ionad Deirbhíle) atá síneadh á chur leis faoi láthair.

Pleananna amach anseo

Tá Teach Solais an Fhóid Duibh, an mol faisnéise agus an fhaighneog caife mar chéad chéim de thionscadal mór atá á fhorbairt ag an gComharchumann, rud ar a dtugtar Áras Scéalta an Atlantaigh. Áirítear leis sin ionad míniúcháin agus mol turasóireachta (a bheidh lonnaithe ar an Eachléim, thart ar 3 km ón teach solais) ar leis an gComharchumann iad. Díreofar ar stair shaibhir chultúrtha agus mhuirí an limistéir iontu.

Beidh daoine le fostú faoin gClár Seirbhísí Pobail chomh maith le rannpháirtithe ó scéimeanna an mhargaidh saothair chun an mol nua sin a bhainistiú.



CÁS-STADÉIR #6

Ionad Cuimhneacháin na nImirceach

Ionad Míniúcháin Turasóireachta dírithe ar Diaspóra na Gaeltachta



Cúlra

Tháinig an grúpa Fóram do Phobal Iorras Aithneach le chéile i dtús aimsire chun an t-irisleabhar 'Iorras Aithneach' a fhorbairt agus a fhoilsiú i 1990. Thar na mblianta tá ról lárnach glactha ag an gcoiste i bhforbairt phobail sa cheantar. D'éirigh thar cionn leis an irisleabhar a fhoilsítear go bliantúil agus le tionscnaimh eile go dtí seo. Tríd na blianta, leagadh béim mhór ar phobail an cheantair thar lear agus ar scéal na himirce agus ar an tionchar a bhí aige ar an gceantar le blianta.

As sin a tháinig an smaoineamh gur cheart go dtabharfaí aitheantas ar leith d'imircigh an cheantair. Le himeacht aimsire, bunaíodh coiste agus ansin comhlacht – **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Teo** – le dul i mbun na hoibre, spás a thógáil i gcuimhne ar na himircigh go léir a d'fhág Conamara ar shuíomh an tsean-halla i gCarna.

Forbairt

Cuireadh an chéad chéim den fhorbairt seo i bhfeidhm in 2018, ba é sin forbairt Ionad Pobail nua le háiseanna éagsúla ar shuíomh an tsean-halla. Infheistíocht iomlán thart ar €1 milliún a bhí i gceist le deontas caipitil ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ag an am, agus an chuid eile ón gcoiste féin trí shintíúis agus bailiúcháin ó na pobail áitiúla agus ón diaspóra.



Carna

Osclaíodh an t-ionad go hoifigiúil ar 12 Bealtaine 2018 agus is é Méara Bhostúin, Marty Walsh, agus an tAire Gaeltachta Joe McHugh a d'oscail é.

Ó shin i leith tá an t-ionad ag feidhmiú mar lárionad don phobal áitiúil le taispeántais agus imeachtaí bunaithe ar chultúir agus ar oidhreacht na háite agus ar an gceangal le muintir lorras Aithneach agus Chonamara atá ina gcónaí in áiteanna eile ar fud an domhain. Bíonn an-úsáid á baint ag an bpobal as an ionad agus bíonn go leor imeachtaí pobail ar siúl ann. Tá bainisteoir fostaithe san ionad faoi Scéim Forbartha Turasóireachta an Údaráis agus tá straitéis forbartha turasóireachta don ionad curtha le chéile ag coiste an ionaid.

Gníomhaíochtaí

Faoi láthair tá an t-ionad ag feidhmiú mar lárionad don phobal ag cur áiseanna ar fáil do:

- Cruinnithe, Comhdhálacha agus Ceardlanna áitiúla
- Ranganna, Cúrsaí agus Taispeántais
- Imeachtaí poiblí, Ceolchoirmeacha agus Amharclann.
- Áis do thionscnaimh Turasóireachta m.sh EAGNA
- Ionad taighde agus eolais ar Stair, Ginealas agus cúrsaí imirce
- Lárionad Turasóireachta Áitiúla, bainisteoir fostaithe agus lonnaithe san ionad faoi Scéim Forbartha Turasóireachta an Údaráis ag cur i bhfeidhm straitéis forbartha turasóireachta don ionad.
- Lárionad Diaspóra na Gaeltachta agus Oifigeach Forbartha Diaspóra lonnaithe san Ionad

Uimhreacha

2018

Osclaíodh an t-ionad
go hoifigiúil ar 12
Bealtaine 2018.

€1M

Infheistíocht iomlán
thart ar €1 milliún.



Curach ar thrá i gceantar Charna

Pleananna don Todhchaí

Bhí sé i gcónaí mar aidhm ag an gcomhlacht pobalbhunaithe áitiúil agus ag an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta go ndéanfaí breis forbartha ar an Ionad chun é a chur in oiriúint mar Ionad Míniúcháin Turasóireachta bunaithe ar dhiaspóra Chonamara go mbeadh sé mar acmhainn ag na daoine seo agus a sliocht ó thaobh géineolaíochta de agus go mbeadh sé mar áis tharraingteach do thurasóirí suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gConamara. Tá Údarás na Gaeltachta ag obair i bpáirtnéireacht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an bpobal áitiúil chun an dara céim seo a chur i gcrích anois.

Tá an togra seo mar thosaíocht chomh maith i ngníomh phlean a ullmhaíodh ar bhonn comhpháirtíochta idir pobal lorras Aithneach agus Údarás na Gaeltachta agus i bPlean Eispéiris um Cuartaíocht Chonamara agus Árann a d'fhoilsigh Fáilte Ireland. Bhí an tÚdarás páirteach i bhforbairt an phlean seo freisin agus diríonn an plan ar eispéiris gur féidir a forbairt ar fud Chonamara agus Árann chun freastal ar na spriocmhargáí ábhartha. Tá an togra seo luaite go sonrach sa bplan.

An Fhorbairt Nua

Beidh síneadh de 160 méadar cearnach á chur leis Ionad mar chuid den forbairt seo. Beidh Ionad Míniúcháin Turasóireachta á fheistiú agus beidh Gairdín na nImirceach á forbairt ar an suíomh freisin, tá an obair seo le tosú in 2022.

Ag éirí as plean forbartha gnó atá ullmhaithe ag Kittywakes Solutions beidh an áis turasóireachta nua bunaithe ar eispéireas cuairteora ag insint scéal agus stair faoin imirce ón gceantar tríd léirmhinúcháin agus taispeántais

Beidh an t-eispéireas cuartaíochta nua fréamhaithe sa cheantar áitiúil agus beidh siad ceangailte le agus bunaithe ar théamaí éagsúla mar seo a leanas:

- An teanga, an cultúr (amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa, scéalaíocht) agus oidhreacht
- Imirce – an Gorta Mór, an comhthéacs náisiúnta/ idirnáisiúnta, saol nua níos fearr
- An Pobal – cathain ar imigh siad, cén bealach, cá ndeachaigh siad – Méiriceá, Sasana, an Astráil agus céard a rinne siad.
- Daoine Cáiliúla – Marty Walsh, Martin O Malley, Seán Ó Mainnín, Margaret Creaven, Joe Éinniú

Sa bplan gnó don ionad beidh táirgí á bhforbairt a d'fhéadfaí a dhíol le cuairteoirí ad'fhéadfadh gnó a chrúthu don ionad féin chomh maith le plan le tacú le agus comhoibriú leis an earnáil agus le gnóthaí turasóireachta áitiúla



Is iad na táirgí indíolta a bheadh i gceist ná:

- Scéal Imirce Chonamara – eispéireas míniúcháin féintreoiraithe a bheidh lonnaithe san ionad. Gearrfar táille ar chead isteach.
- Siúlóid treoiraithe imirce ón ionad ag taispeáint agus ag déanamh cur síos ar an tírdhreach, ar acmhainní agus ar áiteanna oibre áitiúil fadó.
- Caifé Mhic Dara.
- Ceardaíocht agus bronntanais áitiúla.
- Cláir oideachais a bheidh nasctha leis an bplean míniúcháin nua agus leis na hacmhainní áitiúla teanga, cultúir, ceoil agus staire.
- Taighde Ginealais
- Spás d'fhéilte, d'imeachtaí agus d'eolas turasóireachta sa cheantar.
- Gairdín Chuimhneacháin le taobh an ionaid mar pháirt do scéal / eispéireas na n-imirceach.

Beidh margaíocht á dhéanamh ar an áis chomh maith le tacaíocht agus treoir trí Fáilte Ireland, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Cósta Gaelach Chonamara agus Árann agus freisin faoi scáth bhrandaí Ghaeltacht na hÉireann agus Diaspóra na Gaeltachta.

Ionad Diaspóra na Gaeltachta

Beidh an togra Diaspóra na Gaeltachta lonnaithe agus ag feidhmiú as Ionad Cuimhneacháin na nImirceach

i gcomhar leis an síneadh nua turasóireachta. Is í aidhm thogra Diaspóra na Gaeltachta ná ceangal agus caidreamh a chothú le pobal na Gaeltachta atá ar imirce thar lear. Táthar ag súil leis an gceangal seo deiseanna caidreamh a fhorbairt chun fostaíochta & turasóireacht a mhealladh abhaile chomh maith le deis ár dteanga agus cultúr a chur chun cinn agus a scaipeadh ar fud an domhain.

Beidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach & Diaspóra na Gaeltachta ag feidhmiú mar áis agus acmhainn don phobal Gaeltachta, agus mar lárionad do phobail diaspora náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad a bhfuil ceangal acu leis an nGaeltacht.

Bainistíocht agus Foireann

Faoi láthair tá beirt fostaithe go lánaímseartha san Ionad, Bainisteoir Turasóireachta faoi Scéim Forbartha Turasóireachta an Údaráis agus Oifigeach Forbartha Diaspóra faoi scéim na gcéimnithe de chuid an Údaráis freisin.

Tá beirt ag obair san Ionad freisin ar scéimeanna pobail áitiúla ag tabhairt cúnamh d'fhoireann an Ionaid. Bíonn tacaíocht leanúnach le fáil ag an Ionad ón mBainisteoir Forbartha Tionscnaimh agus ó Bhainisteoir Chomharchumann Forbairt Chonamara Láir. Táthar ag súil le roinnt fostaíocht eile (páirtaimseartha agus lánaímseartha) a chruthú sa todhchaí leis na forbairtí agus imeachtaí nua atá pleanáilte.

CÁS-STADÉIR #7

Comharchumann Mhic Dara

Tionscnamh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a bhainistiú



Cúlra

Bunaíodh Comharchumann Mhic Dara (an 'Comharchumann') sa bhliain 2010, agus é ag eascairt as roinnt coistí áitiúla a chumasc. Sainaithníodh i dtaighde go raibh gá ann le seirbhís cúram leanaí agus le láthair lárnach staidéir do mhic léinn Ghaeilge. Bhunaigh an Comharchumann coiste agus cheannaigh sé foirgneamh ó Údarás na Gaeltachta. Óstáiltear sa tsaoráid suas le 60 leanbh trí chúram réamhscoile agus trí chúram iarscoile araon.

Tar éis plean gnó a chur i gcrích sa bhliain 2014, ceannaíodh foirgneamh tearcúsáidte eile chun an líon méadaitheach gníomhaíochtaí Gaeilge a éascú, chun seomraí cruinnithe a áirithiú lena ligean ar cíós agus chun freastal ar riachtanais oifige an Chomharchumainn. Tá halla spóirt, ocht seomra ranga agus trí oifig san fhoirgneamh.

Fuair an Comharchumann deontas le haghaidh 80% de chostas an fhoirgnimh agus fuair sé iasacht chun an méid a bhí fágtha (€300,000) a chumhdach. Freastalaíonn an t-ioncam ón gColáiste Gaeilge ar na haisíocaíochtaí iasachta agus measann an Comharchumann go mbeidh an fiachas aisíoctha faoi dheireadh na bliana 2022.





Trá an Doilín, An Cheathrú Rua.

Gníomhaíochtaí

I dteannta cúram leanaí a sholáthar agus spás a ligean ar cíós leis an bpobal, áirítear iad seo a leanas leis na gníomhaíochtaí eile a dhéantar:

- Saoráid gteic a bhainistiú (thar ceann Údarás na Gaeltachta) san fhoirgneamh (a chuimsíonn 12 spás cubhachail).
- Spás stiúideo cúltaca a sholáthar do TG4.
- Snorcláil agus tumadóireacht scúba a sholáthar do mhic léinn an choláiste Gaeilge (thart ar 1,000 duine).
- Bothán Fear a óstáil.

D'éirigh leis an gComharchumann maoiniú arbh fhiú thart ar €400,000 é a áirithiú cheana féin ón scéim athnuachana sráidbhailte chun feabhas a chur ar an sráidbhaile, lena n-áirítear cosáin agus lampaí sráide.

Tionscadal fuinnimh in-athnuaite

Tá Comharchumann Mhic Dara Teo. i mbun tionscnamh uailmhianach fuinnimh in-athnuaite agus 'eastát ghlas' ar Pháirc Gnó na Ceathrún Rua. Suiteáladh 120 kW de phainéil ghréine Fhótavoltacha ar dhíonta an Pháirc Ghnó agus ar dhíonta foirgneamh eile a úsáideann agus a oibríonn sé ar an eastát. Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha fuinnimh in-athnuaite a rinneadh cheana féin agus a dhéanfar sa todhchaí:

Uimhreacha

2010

Bunaíodh Comharchumann Mhic Dara sa bhliain 2010.

120kW

Suiteáladh 120 kW de phainéil ghréine Fhótavoltacha ar dhíonta an Pháirc Ghnó.

€12k

Meastar go mbíonn na coigiltí bliantúla ar leictreachas agus ola cothrom le €12,000.

€300k

Bíonn an láimhdeachas cothrom le thart ar €300,000 in aghaidh na bliana.

“

De réir a phlean gníomhaíochta cúig bliana don Cheathrú Rua (a seoladh sa bhliain 2021), tá súil ag an gComharchumann thart ar 900,000 kWh de ghrianchumhacht fhótavoltach a tháirgeadh faoi dheireadh na bliana 2026.

”

- Cruthaíodh an chéad choláiste Gaeilge atá neodrach ó thaobh carbóin de in Éirinn riamh.
- Suiteáladh 120 kW de phainéil ghréine fhótavoltacha ar dhíonta shaoráid an Chomharchumainn agus ar dhíonta foirgneamh eile ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua.
- Tá an pháirc ghnó rátáilte anois mar cheann atá saor ó charbón.
- Díolfar aon fhuinneamh barrachais leis an eangach.
- Meastar go mbíonn na coigiltí bliantúla ar leictreachas agus ola ar an bPáirc Ghnó cothrom le €12,000.

Bainistíocht agus oibríochtaí

Bainistíonn 1.5 ball foirne (bainisteoir agus cúntóir páirtaimseartha) na tionscnaimh thuasluaite agus soláthraíonn seachtar ball foirne iad (cúigear oibrithe páirtaimseartha scéime ina measc). Braithear go mór ar oibrithe scéime chun an foirgneamh a chothabháil. Bíonn baill foirne bhreise fostaithe mar theagascóirí tumadóireachta ar bhonn séasúrach agus páirtaimseartha.

Airgeadas/acmhainní

Bíonn an láimhdeachas cothrom le thart ar €300,000 in aghaidh na bliana. Foinsí maoinithe:

- An deontas riaracháin ó Údarás na Gaeltachta
- Ioncam cíosa (halla spóirt, seomraí oideachais, an Coláiste Gaeilge)
- Mol digiteach gteic a bhainistiú
- Táillí tumadóireachta scúba agus snorclála
- Dhá reilig a bhainistiú (conradh le Comhairle Contae na Gaillimhe)

Pleananna amach anseo

De réir a phlean gníomhaíochta cúig bliana don Cheathrú Rua (a seoladh sa bhliain 2021), tá súil ag an gComharchumann thart ar 900,000 kWh de ghrianchumhacht fhótavoltach a tháirgeadh faoi dheireadh na bliana 2026.



CÁS-STADÉIR #8

Áras Éanna

Amharclann, gailearaí ealaíne agus áit chónaithe d'ealaíontóir.



Cúlra

Bunaíodh Ionad Ealaíne Áras Éanna sa bhliain 2000. Is é Áras Éanna an tIonad Ealaíne le haghaidh Inis Oírr, agus é ar an aon Ionad Ealaíne amháin i gcúlchríoch chontae na Gaillimhe. Is é Inis Oírr an ceann is lú d'Oileáin Árann, agus tírdhreach fiáin, garbh agus oscailte air. Cónaíonn pobal Gaeltachta agus oileáin atá athléimneach, bríomhar agus cruthaitheach ar an oileán. Is spás ealaíon gairmiúil sui generis é an tIonad agus féachann sé leis an ngné Ghaeltachta bríomhaire sin a chaomhnú agus a choinneáil, agus é ag obair go príomha trí mheán na Gaeilge. Gach lá, déanann sé an Ghaeilge a bhunathrú agus a athshamlú ina chuid clár chun a cultúr leochaileach uathúil a shuí isteach san ealaín chomhaimseartha trí shármhaitheas agus trí nuálaíocht.

Trína chuid clár coimeádta agus cónaitheachtaí, ceistíonn Áras Éanna cúrsaí agus soláthraíonn sé an tsúil eile. Tá fíis an Árais bunaithe ar an tírdhreach oileáin dosháraithe ag imeall Chonamara agus Chuan na Gaillimhe agus ar a chultúr Gaeltachta. Is comhthéacs leochaileach é sin a chuireann gné uathúil – atá de chineál áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an aon am amháin – leis an ealaín a chruthaítear trí Áras Éanna agus i gcomhar leis.

Cuimsíonn Áras Éanna amharclann 75 shuíochán, Gailearaí Ealaíne, áit chónaithe d'Ealaíontóirí (árasán agus stiúideo), seomraí cruinnithe/oibre agus spás oifige. Ó mhí Mheán Fómhair 2021, chuireamar borradh faoinár gclár Ealaíontóirí Cónaithe trí dhá stiúideo bhreise a chruthú agus trí theach a ligean ar cíos d'ealaíontóirí.





Cormac Coyne, Baile an tSéipéil, Inis Oírr

Gníomhaíochtaí

Cuireann Áras Éanna na healaíona chun cinn i suíomh uathúil Oileáin Ghaeltachta chun tairbhe d'ealaíontóirí agus do lucht féachana/éisteachta na bpobal oileáin, Gaeltachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An Clár Ealaíontóirí Cónaithe

Faoin gclár Ealaíontóirí Cónaithe, tugtar ealaíontóirí de gach foirm ealaíne le chéile chun am a chaitheamh ar Inis Oírr mar áit inspioráide. In éineacht le saoráidí cóiríochta agus stiúideo Áras Éanna, tugann an suíomh oileáin agus a phobal bríomhar Gaeltachta spás suaimhneach don ealaíontóir chun gur féidir leis/léi ealaín iontach a chruthú. Tá roinnt comhpháirtíochtaí Ealaíontóirí Cónaithe i bhfeidhm ag Áras Éanna, áit a gcuirtear fáilte roimh ealaíontóirí ó eagraíochtaí ealaíne éagsúla amhail Ealaín na Gaeltachta, RHA, Foras Amharclannaíochta na hÉireann, ISACS, KCAT agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i measc cuid mhór eile. Déanann Áras Éanna glaoch amach bliantúil chuig ealaíontóirí, agus is d'ealaíontóirí aonair roghnaithe agus dár gcomhpháirtíochtaí a bhíonn ár gclár cónaitheachta comhdhéanta. D'éascaigh Áras Éanna breis agus 70 ealaíontóir sa bhliain 2021.

Taispeántais

Ar an meán, cuireann Áras Éanna ceithre thaispeántas i láthair gach bliain. Thar an dá bhliain seo a chuaigh thart, ar lena linn a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm, choimeád Áras Éanna roinnt taispeántas ar líne agus amuigh faoin spéir araon. Áiríodh leo sin taispeántas fótagrafach ar líne dar teideal 'Inis Oírr le linn ordaithe dianghlásaí' le Cormac Coyne; 'Curacha', ar thaispeántas de 21 churach é a phéinteáil 21 ealaíontóir agus a cuireadh i láthair ar fud an oileáin (i láithreacha amuigh faoin spéir, den chuid is mó); agus 'Ariel sparks', ar chomhthionscadal é idir Gaillimh 2020 agus Áras Éanna inar baineadh leas as láithreacha amhail an chúirt liathróid láimhe, an eaglais, Áras Éanna agus láithreacha amuigh faoin spéir. Tá sé mar bheartas ag Áras Éanna tacú le healaíontóirí atá ag teacht chun cinn, le healaíontóirí faoi mhíchumas, le leanaí agus daoine óga, le healaíontóirí ó chúlraí éagsúla agus le healaíontóirí seanbhunaithe.

Uimhreacha

2000

Bunaíodh Áras Éanna sa bhliain 2000.

75

Amharclann le 75 suíochán.

70

Chuir Áras Éanna spás ar fáil d'os cionn 70 ealaíontóir in 2021.

5,000

5,000 duine ar an meán ag breathnú ar ábhar a chraoltar trí Facebook Beo.

Ceolchoirmeacha

D'óstáil Áras Éanna cuid mhór ceolchoirmeacha thar na blianta, lena áiríodh Ceol Traidisiúnta, Ceol Clasaiceach, Damhsa (Traidisiúnta agus Comhaimseartha), Coiméide, Litríocht, Filíocht agus Scannáin. Le linn na dianghlasála, shruthaíomar níos mó ná 25 ceolchoirm sheachtainiúla ar Facebook Beo, agus 5000 breathnóir á bhfáil againn ar an meán. De bharr shrianta Covid-19, reáchtáladar trí cheolchoirm an-rathúil amuigh faoin spéir ar an bpáirc peile áitiúil freisin, agus ceoltóirí cumasacha áitiúla agus aionna speisialta i láthair.

Comhpháirtíochtaí

Aithníonn Áras Éanna a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí straitéiseacha láidre d'fhorbairt agus inbhuanaitheacht Áras Éanna. Aithnímid gur gá dúinn treisiú leis na dlúth-chomhghuaillíochtaí atá ar bun againn leis an gComhairle Ealaíon, le hEalaín na Gaeltachta, le hÚdarás na Gaeltachta, le hÚdarás Áitiúla na Gaillimhe agus le Comhar Caomhán, Inis Oírr, agus le cohórt ealaíontóirí agus soláthraithe ealaíon straitéiseacha agus gur gá dúinn comhpháirtíochtaí cruthaitheacha nua a bhunú. Thar na ceithre bliana seo a chuaigh thart, bhunaíomar comhpháirtíochtaí le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, le ISACS, le Foras Amharclannaíochta na hÉireann, le Baboró, le KCAT agus le hIonad Ealaíon na Gaillimhe, i measc comhlachtaí eile.

Leanaí agus Daoine Óga

Faoi chlár Áras Éanna, éascaítear rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga. Reáchtálaímid tionscadail ealaíne leis an scoil náisiúnta agus leis an meánscoil ar an oileán. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail a seoladh: 'Pé Scéal', nuachtán a chuir an mheánscoil le chéile, agus taispeántas amuigh faoin spéir a chuimsigh pictiúir le daltaí na scoile náisiúnta agus a seoladh i gcomhar le 'Fighting Words Conamara'. Chomh maith leis sin, eagraímid taibhithe agus taispeántais ó chuideachtaí ealaíne ar cuairt do leanaí agus daoine óga ar an oileán.

Turasóireacht

Ceapadh oifigeach turasóireachta le haghaidh Áras Éanna agus Inis Oírr trí Údarás na Gaeltachta i mí Mheán Fómhair 2020. Trí chlár Áras Éanna, agus a chuid ócáidí seachshéasúir go háirithe, a chur chun cinn, chuir an t-oifigeach turasóireachta borradh mór faoin líon turasóirí ealaíne a fuarthas. Mealladh na mílte chuig an oileán a bhuí le taispeántais amhail 'Curacha'. Bhí an dá óstán agus dhá theach phríobháideacha ar léas lán go béal i mí Dheireadh Fómhair freisin mar thoradh ar thionscadail chomhpháirtíochta amhail an cheardlann agus an taibhiú le cuideachtaí amharclannaíochta riachtanas speisialta ón bhFrainc, ón bPolainn agus ó Éirinn. Nuair a cheiliúir Áras Éanna a 21ú breithlá i mí Iúil, bhí an chóiríocht ar fad ar an oileán tógtha, an t-ionad campála san áireamh.

Bainistíocht

- Tá Stiúrthóir/Bainisteoir Ealaíne lánaimseartha ag Áras Éanna agus fostaíonn sé Oifigeach Turasóireachta trí scéim dhá bhliain de chuid Údarás na Gaeltachta (Meán Fómhair 2020 – Meán Fómhair 2022)
- Tá ball foirne (páirtaimseartha) amháin ag Áras Éanna ó scéim fostaíochta pobail
- Tá Áras Éanna ina chuideachta theoranta ag a bhfuil stádas carthanúil.

Airgeadas agus acmhainní

Faigheann Áras Éanna maoiniú deontais ó na comhlachtaí seo a leanas:

- An Comhairle Ealaíne
- Ealaín na Gaeltachta
- Comhairle Contae na Gaillimhe
- Foras na Gaeilge
- Gineann Áras Éanna méid beag maoinithe trí thicéid a dhíol, trí spásanna a ligean ar cíos agus trí ócáidí cruinnithe airgid a sheoladh..

Pleananna amach anseo

Bíonn an chail atá ar Áras Éanna mar spriocionad ealaíne d'ealaíontóirí ag fás, agus méadú ollmhór tagtha ar inneachar clár, ar chónaitheachtaí, ar an gclár ar líne agus ar an lucht féachana/éisteachta. Téigh chuig aras-eanna.ie chun amharc ar 'Phlean Straitéiseach Áras Éanna 2019-2023'.



Cuimhneachán speisialta ó 'Curacha'



Cormac Coyne 'Inis Oirr le linn ordaithe dianghlasála'

CÁS-STADÉIR #9

Coláistí Chorca Dhuibhne

Cúrsaí Gaeilge a reáchtáil i gCorca Dhuibhne.



Cúlra

Tá Coláistí samhraidh á reáchtáil i gCorca Dhuibhne chomh fada siar le cuimhne na gcapall, ach bunaíodh Coláistí Chorca Dhuibhne an 18 Márta 1976. Tá Coláistí Chorca Dhuibhne Teo. ar bun i mBaile an Fheirtéaraigh, Ciarraí Thiar, le beagnach daichead bliain anuas. Tá an fiontar ina fhochuideachta de chuid Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, a bunaíodh i gCiarraí Thiar sa bhliain 1967. Tá forbairt gheilleagrach mar phríomhthosaíocht ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne ón mbliain 1967 i leith. Cé gur dhírigh sé ar dtús ar acmhainní nádúrtha an limistéir, amhail feirmeoireacht agus iascaireacht, leathnaigh sé a scóip ó shin i leith. Sa lá atá inniu ann, díríonn CFCD ar chaomhnú na Gaeilge agus ar scéimeanna oidhreachta fostaíochta pobail.

Tá an t-oidéachas, forbairtí áitiúla agus pleanáil teanga fós ina ngné láidir de shainchúram an Chomharchumainn. Eintiteas dea-bhainistithe rathúil atá cobhsaí ó thaobh airgeadais de is ea Coláistí Chorca Dhuibhne, a ghineann gníomhaíocht gheilleagrach trí Chúrsaí Gaeilge a eagrú i ngach cuid den Limistéar Pleanála Teanga. Leanann Coláistí Chorca Dhuibhne le Cúrsaí Gaeilge a oibriú do mhic léinn idir 10-18 mbliana d'aois, do Mhúinteoirí faoi Oiliúint agus do Mhúinteoirí larchéime faoi Oiliúint.

Maidir leis an rannchuidiú leanúnach a dhéanann an fiontar leis an mórfhobal, gineann Coláistí Chorca Dhuibhne ioncam díreach ar fiú níos mó ná €2m in aghaidh na bliana é don limistéar agus ríomhadh i staidéir ó Ollscoil Mhá Nuad gurb é an éifeacht iolraitheora atá ag a chuid gníomhaíochtaí ná suas le €7 milliún a chur leis an ngeilleagar áitiúil. Is í an tsamhail cóiríochta a glacadh do na rannpháirtithe cúrsa thar na blianta ná mic léinn a shuí i dtithe sa limistéar áitiúil agus sa chóiríocht chónaithe i gColáiste Íde. Oibrítear an dá chóras go rathúil mar chuid den tairiscint fhoriomlán. Díríonn Coláistí Chorca Dhuibhne ar thumadh teanga le linn na gcúrsaí sin.





Daingean Uí Chúis

Cur síos

Coláiste Gaeilge a sholáthraíonn cúrsaí Gaeilge do dhaoine idir 10-18 mbliana d'aois i nGaeltacht Dhaingean Uí Chúis is ea Coláistí Chorca Dhuibhne. Reáchtáiltear cúrsaí i gCeann Trá, ar an bhFeothanach, i Lios Póil, ar an Muiríoch, i mBaile an Fheirtéaraigh agus i gColáiste Íde – ár gColáiste Cónaithe áitiúil. Fostaíonn Coláistí Chorca Dhuibhne ochtar ball foirne lánaimeartha agus 200 ball foirne séasúrach.

Struchtúr

Tá struchtúr ordlathach eagraíochtúil againn i gColáistí Chorca Dhuibhne. Éascaíonn an struchtúr sin oibriú éifeachtach laethúil ár ngnólachta. Beidh an Bainisteoir freagrach as gach cinneadh gnó. Chun aon mhórchinntí straitéiseacha nó oirbheartaíochas a chur chun feidhme, áfach, beidh ionchur ó gach ball den fhoireann agus ón mBord Stiúrthóirí (Coiste) araon ag teastáil.

Airgeadas/acmhainní

Is iad na táillí a ghearrtar i leith cúrsaí a oibriú an t-aon fhoinsé ioncaim amháin atá ag Coláistí Chorca Dhuibhne. Is ó oibríochtaí trádála a thagann 100% d'ioncam an fhiontair. Íocann CCD táille oibríocháin le CFCD chun úsáid na n-eintiteas atá faoi úinéireacht ag CFCD a chumhdach. Faigheann CFCD tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, ar tacaíocht í atá an-luachmhar d'oibriú an ghnólachta. Oibríonn CFCD a scéim fostaíochta pobail féin, rud lena gcumhdaítear dobharcheantar idir Caisleán Ghriaire agus Baile an Fheirtéaraigh.

Uimhreacha

1976

Bunaíodh Coláistí Chorca Dhuibhne sa bhliain 1976.

€2m

Ioncam díreach ar fiú níos mó ná €2m in aghaidh na bliana é don limistéar.

100%

Is ó oibríochtaí trádála a thagann 100% d'ioncam an fhiontair.



Cuan Bhaile an Fheirtéaraigh ar Chorca Dhuibhne le feiceáil ó Cheann Chlochair

Spriocmhargáí/spriocphobal

Fostaíocht shéasúrach a chruthú do mhúinteoirí agus cóiríocht agus obair shéasúrach eile a sholáthar i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

An spriocdhírionn an fiontar sóisialta ar ghrúpaí nó ar riachtanais phobail ar leith?

Nó an fiontar tráchtála amháin é?

Soláthraíonn Coláistí Chorca Dhuibhne fostaíocht shéasúrach bhliantúil do dhaoine den phobal áitiúil a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu an Ghaeilge a bhreisiú. Áirítear leo sin 44 bhean tí, múinteoirí agus ceannairí, cúntóirí teanga, soláthraithe áitiúla bus, soláthraithe áitiúla spóirt uisce agus treoraithe áitiúla turais. Cruthaíonn sé sin fostaíocht sa limistéar áitiúil do shiopaí grósaera agus do sholáthraithe cóiríochta, áit a bhfanann baill teaghlaigh nuair a thugann siad cuairt ar an nGaeltacht. Bíonn éifeacht iolraitheora ann sa limistéar áitiúil nuair a thagann iar-rannpháirtithe cúrsa ar ais agus nuair a thugann tuismitheoirí cuairt ar a leanaí le linn na gcúrsaí. Is é an rud atá tairbheach don phobal áitiúil ná gurb ionann na tréimhsí is gnóthaí do Choláistí Chorca Dhuibhne agus na tréimhsí is ciúine don tionscal turasóireachta sa limistéar, mar shampla Eanáir, Bealtaine agus Meitheamh. Freastalaíonn líon mór mac léinn ar chúrsaí Choláistí Chorca Dhuibhne le linn na míonna sin, rud a thugann ioncam breise do sholáthraithe ag amanna a bheadh ciúin ar shlí eile.

Bhí sé sin le brath go soiléir nuair a bhí na coláistí dúnta sna blianta 2020 agus 2021 de dheasca phaindéim Covid-19, agus mórchaillteanas ioncaim á fhulaingt ag an Leithinis ina hiomláine dá bharr sin. Cé go bhfuil sé soiléir, bunaithe ar an gcur síos thuas, go spriocdhírionn an fiontar ar chomhpháirtithe ar leith, tá sé soiléir freisin go dtéann an toradh cuilitheach i bhfeidhm ar an mórphobal.



CÁS-STAIDÉIR #10

Comharchumann Forbartha Mhúscraí



Spás fiontraíochta agus gteic a bhainistiú.



Cúlra & Gníomhaíochtaí

Tá sé mar fhís ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Gaeltacht bheoga fhorásach le tograí fadradharcacha a rachaidh chun sochair do shaol eacnamúil, cultúrtha agus sóisialta na Gaeltachta a bhaint amach.

Bunaíodh an Comharchumann in 2008 chun freastal ar riachtanais na bpobal atá ina gcónaí sna cúig shráidbhaile, Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre, Cúil Aodha, Béal Átha an Ghaorthaidh, Réidh na nDóirí agus Cill na Martra.

Tá cúig réimse cláir ag an gComharchumann chun an aidhm seo a bhaint amach.

- **Gnó Mhúscraí** – gnólachtaí inbhuanaithe a chur chun cinn sa cheantar, lena n-áirítear mol digiteach a bhainistiú
- **Stór Mhúscraí** – Plean Teanga cúig bliana do Ghaeltacht Mhúscraí a bhainistiú agus a riar
- **Pobal Mhúscraí** – forbairt pobail a chur chun cinn trí thacú le heagraíochtaí pobail áitiúla, imeachtaí, féilte, na hionaid lae áitiúla, chomh maith le tionscadail nua cosúil leis an linn snámha téite amuigh faoin aer a fhorbairt, agus tacú le hlonad Cúram Leanaí nua a thógáil sa cheantar
- **Múscraí Glas** – Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn sa cheantar le fócas ar leith ar fhuinneamh in-athnuaite. Tá scéim trialach iar-fheistiú idir lámha faoi láthair.
- **Grá Mhúscraí** – Forbairt na turasóireachta cultúrtha a chur chun cinn trí Mheitheal Turasóireachta atá comhdhéanta de príomhpháirtithe leasmhara – Earnáil Reachtúil, Polaitíocht, Gnó agus Pobal.



gteic

Tá daoine díograiseacha, fuinniúla agus cairdiúla – féin fostaithe, cian-oibrithe agus gnólachtaí nua-thionscanta ina measc – ag baint tairbhe as an spás comhoibrithe inár mol digiteach – gteic.

Tá gteic @ Béal Átha an Ghaorthaidh lonnaithe ar Pháirc Ghnó i mBéal Átha an Ghaorthaidh i nGaeltacht Mhúscraí, ag feidhmiú faoi choimirce Údarás na Gaeltachta agus tá an Comharchumann á bhainistiú ó lá go lá. D'oscaileamar é i mí na Samhna 2019 agus tá 18 spás comhoibre, le leathanbhanda ardluas, seomraí cruinnithe, áiseanna AV, agus ceaintín againn. Oibrímid le téarmaí an-solúbtha a oireann dár gcliain. Is é ár dtéarma solúbtha is mó tóir ná Pas 10 lá.

Ag úsáid an mhoil digiteach mar chatalaíoch, chuireamar tús le claochlú digiteach sa cheantar le:

- cúrsaí digiteacha do ghrúpaí, cosúil le Active Retired
- leabharlann iasachtaithe ríomhaire glúine
- TechSpace do dhaoine óga 8+
- acmhainn bonneagair sráidbhaile; ag tacú le pointe BCP a chur i sráidbhaile amháin agus maoiniú a fháil chun áiseanna AV a shuiteáil i gceithre shráidbhaile don fhoghlaim chumaisc agus do rannpháirtíocht an phobail

Bíonn seirbhísí eile ar fáil – cúrsaí a réachtáil, eolas a roinnt, agus bíonn cruinnithe eagraithe sa gteic chomh maith. Beimid ag cur leis an cúrsaí anois, le feachtas ar leith chun tacú le mná mhúscraí atá i mbun gnó, daoine óga fé 35, srl.

Bíonn an caidreamh agus na nascanna le gréasáin eile fíorthábhachtach, agus táimid mar chuid de Connected Hubs, Cork Digital Hubs, agus Gréasán Digiteach na Gaeltachta.

Uimhreacha

2019

D'oscail an gteic i mí na Samhna 2019.

18

18 spás comhoibre

€300k

Tá láimhdeachas de thart ar €300,000 sa mbliain.



Aireagal Guagán Barra

Bainistíocht an gteic

Tá bainisteoir an Chomharchumainn i gceannas ar an gteic comh maith. Tá rochtain 24/7 ar fáil don gteic agus tá córas simplí i bhfeidhm sa gteic. Is féidir le daoine tosú gan mhoill.


Airgeadas/Acmhainní

Tá láimhdeachas de thart ar €300,000 sa mbliain ag Comharchumann Forbartha Mhúscaí. Faightear maoiniú trí:

- Dheontas Reáchtála Údarás na Gaeltachta
- Bainistiú an gteic
- Maoiniú ó leithéid Bhord Oideachais & Oiliúna Chorcaí, TechSpace, Comhairle Contae Chorcaí, Airtricity, The Community Foundation of Ireland,

Pleananna don gteic

An spás gteic a leathnú chun oifigí féin-dorais a chur san áireamh, agus leibhéal na seirbhísí tacaíochta a mhéadú do na daoine a úsáideann an gteic agus na pobail áitiúla.



CÁS-STADÉIR #11

Drioglann Inis Chléire

Poist fhadtéarmacha a chur ar fáil ar an oileán.




Cúlra

Bunaíodh Comharchumann Chléire Teo. ('an Comharchumann') sa bhliain 1969 chun an córas leictreach nua a riar ar an oileán agus chun fostaíocht a chruthú trí iascaireacht, feirmeoireacht agus turasóireacht a fhorbairt agus a chothú. Is ann dó chun an t-oileán pobail a fhorbairt agus chun a inbhuanaitheacht a chinntiú.

Soláthraíonn sé a lán seirbhísí bunúsacha amhail díolachán breosla (gual, gás, peitreal agus díosal san áireamh). Soláthraíonn sé seirbhísí foirgníochta agus tógála do mhuintir an oileáin, d'údarais áitiúla agus do chomhlachtaí Stáit freisin. Maoinítear an Comharchumann trí dheontas reachtála ó Údarás na Gaeltachta, trí ghníomhaíochtaí éagsúla fiontar shóisialta, lena n-áirítear spás agus seomraí ina shaoráid phobail a ligean ar cíós, agus trí mhol digiteach gteic atá ar bun aige.

Thionscain an Comharchumann an tionscadal drioglainne mar thionscnamh comhpháirtíochta i gcomhar le hinfeisteoir príobháideach sa bhliain 2009. Ba é an cuspóir foriomlán a bhí leis an tionscadal ná 10 gcinn go 15 cinn de phoist fhadtéarmacha a sholáthar ar an oileán agus i dtionscal atá ag teacht le cáil comhshaoil agus tionscal turasóireachta an oileáin. Ba leis an gComharchumann an láithreán ar a mbeadh an drioglann lonnaithe. Bhí sé i gceist go ligfeadh sé an talamh agus na sócmhainní ar léas ar tháille nó le scairshealbhóir mionlaigh sa tionscnamh.





Dún an Óir

Cé gur cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála sa bhliain 2009, tharraing an t-infheisteoir príobháideach amach de dheasca moilleanna ar chead pleanála a dheonú (rud a deonáíodh ar deireadh sa bhliain 2016). Lean an Comharchumann leis an tionscnamh a shaothrú agus lorg sé infheisteoir príobháideach eile.

Idir an dá linn, cuireadh tús leis an bhfoirgneamh drioglainne a fhorbairt sa bhliain 2018. Ba iad an pobal áitiúil, den chuid is mó, a rinne an obair sin. Toisc nár éirigh leis infheisteoir oiriúnach a aimsiú faoin mbliain 2019, chinn an Comharchumann an drioglann a thógáil ar bhonn céimnithe, agus jin á dhriogadh aige ar dtús.

Ceapadh Ruth Court, forbróir jin, ansin agus d'oibrigh sí le daoine ar an oileán a raibh cur amach acu ar fhlóra áitiúil. Tar éis an-obair a chur isteach ar feadh tréimhse seacht mí, forbraíodh oideas agus tosaíodh ar jin 3 SQ. MILES a bhuidéalú i mí na Samhna 2019.

Sa bhliain 2020, áirithíodh infheistíocht phríobháideach ar mhó í ná €300,000 agus chuir an Comharchumann comhpháirtíocht ar bun le Salespoint Ltd.

Uimhreacha

1969

Bunaíodh Comharchumann
Chléire sa bhliain 1969.

15

Ba é an cuspóir foriomlán a bhí leis an tionscadal ná 10 gcinn go 15 cinn de phoist fhadtéarmacha a sholáthar ar an oileán.

2018

Cuireadh tús leis an bhfoirgneamh drioglainne a fhorbairt sa bhliain 2018.

300k

Sa bhliain 2020, áirithíodh infheistíocht phríobháideach ar mhó í ná €300,000.



Cuan Chléire

Forbairt

Tar éis seoladh rathúil sa bhliain 2019, chuaigh paidéim COVID-19 i bhfeidhm go mór ar an bhfiontar sóisialta. D'oiriúnaigh sé é féin don staid, áfach, agus d'éirigh leis téarnamh trí nuálaíocht. Áiríodh leis sin an chéad raon de bhuidéil phearsantaithe jin in Éirinn riamh a sheoladh. Tá jin casca-aoisithe á fhorbairt faoi láthair freisin. Fuair an drioglan orduithe onnmhairiúcháin chuig an bhFrainc agus chuig an India araon sa bhliain 2021.

Faigheann an drioglan tacaíocht láidir ón bpobal: sealbhaíonn a lán daoine ar an oileán cothromas sa chuideachta agus leanann siad le tacaíocht chomhchineáil eile a sholáthar, nuair is gá. Is é a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile ná stóras cascaí a chríochnú, a fhágfaidh go mbeifear in ann tosú ar uisce beatha a dhriogadh. Buaiteoir gradam idirnáisiúnta is ea jin 3 SQ. MILES. Bhuaigh sé bonn airgid ag *Dúshlán Biotáillí Idirnáisiúnta Londen 2020* agus ag *Comórtas Biotáillí Domhanda San Francisco 2020* agus bhuaigh sé bonn óir ag *Gradaim Biotáillí na bhFreastalaithe Beáir 2020*.

Struchtúr

Tá an drioglan corpraithe mar chuideachta faoi theorainn scaireanna: tá an Comharchumann ina scairsealbhóir mionlaigh sa drioglan. Mar atá luaite thuas, sealbhaíonn a lán daoine áitiúla scaireanna sa chuideachta, a mbíonn infheistíocht tráchtála shuntasach á mealladh aici de réir a chéile freisin.

Gheobhaidh na hinfheisteoirí tosaigh a chuir airgead, acmhainní eile agus am isteach sa ghnólacht luach a saothair trí ghnólacht rathúil a fheiceáil ar an oileán, agus fios acu gur oibrigh siad chun an rath sin a bhaint amach, agus trí thorthaí suntasacha a fháil ar a n-infheistíocht.

Airgeadas

Ón tús, tá an maoiniú don tionscadal drioglainne á fhoinsiú ó áiteanna lasmuigh den struchtúr foirmiúil Comharchumainn. D'éirigh na hinfheisteoirí áitiúla tosaigh ina scairsealbhóirí díreacha sa ghnólacht.

Pleananna amach anseo

- Dul isteach i dtuilleadh margaí
- Dul i bhfód méadaithe ar mhargadh jin na hÉireann a bhaint amach
- Deiseanna a lorg trína lipéad féin a tháirgeadh
- Díolachán ar líne a fhorbairt agus díolachán atá saor ó dhleacht a rochtain
- Táirgí nua a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí nua a chruthú leis an tionscal (e.g., manglaím réamh-mheasctha)
- Stóras cascaí a thógáil agus tosú ar aibiú uisce beatha
- Drioglan uisce beatha agus ionad cuairteoirí a thógáil.



Aguisín

Soláthar

Tháinig an Treoir nua maidir le Soláthar Poiblí (2014/24/AE) i bhfeidhm i mí Aibreáin 2014. Rinne na Ballstáit an Treoir a thrasú ina reachtaíocht náisiúnta faoi mhí Aibreáin 2016.³³

Cé gurb amhlaidh leis an Treoir go dtugtar d'údaráis chonarthaigh meán trínar féidir leo spriocanna sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach, ní cheanglaítear orthu na spriocanna sin a shaothrú. Leagann Caima agus Joseph (2015) na pointí tábhachtacha seo a leanas amach maidir le fiontar sóisialta.

- Leis an Treoir, spreagtar meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí ar bhonn an Chóimheasa is Fearr idir Praghas agus Caighdeán, go háirithe iad sin a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus sláinte. Ní bhaineann luach ar airgead leis an toradh airgeadais amháin – tá na torthaí sóisialta agus comhshaoil chomh tábhachtach céanna, agus is féidir go bhfuil siad níos tábhachtaí fós.³⁴
- Le ceann amháin de na forálacha maidir le conarthaí forchoimeádta atá sa Treoir (**Airteagal 20**), cumasaítear d'údaráis chonarthaigh an ceart chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta tairisceana a fhorchoimeád do cheardlanna dídeanacha agus oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil mar phríomhaidhm acu comhtháthú sóisialta agus gairmiúil daoine faoi mhíchumas nó faoi mhíbhuntáiste a bhaint amach, ar choinníoll gur oibríthe faoi mhíchumas nó faoi mhíbhuntáiste iad 30% ar a laghad d'fhostaithe na gceardlann nó na n-oibreoirí eacnamaíocha sin.
- Foráiltear in Airteagal 77 den Treoir do chonarthaí forchoimeádta a dhéanamh le haghaidh seirbhísí sóisialta. Tá an bonn dó sin leagtha amach thíos.

³³. Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE

³⁴. Is é MEAT (an Tairiscint is Buntáistí go hEacnamaíoch) an príomhbhonn do chritéir chonartha anois. Níl costas ná praghas ar an bpríomhbhonn a thuilleadh.

Aguisín

Pléitear in **Airteagail 74-77** den Treoir maidir le Soláthar le soláthar seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile (lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus cultúrtha). Áirítear leo sin conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile a bhfuil a luach cothrom le €750,000 nó níos mó ná sin.

Baineann **Airteagal 77** le 'conarthaí forchoimeádta' a úsáid le haghaidh seirbhísí sláinte, sóisialta agus cultúrtha den sórt sin agus foráiltear leis go bhféadfaidh údaráis chonarthaigh an ceart chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta le haghaidh dhámhachtain na gconarthaí poiblí sin a fhorchoimeád d'eagraíochtaí (a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach thíos).

Is iad seo a leanas na critéir maidir le heagraíocht den sórt sin:

(a) is é an cuspóir atá aici misean seirbhíse poiblí a shaothrú atá nasctha le soláthar na seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil

(b) déantar brabúis a athinfheistiú d'fhonn an cuspóir atá ag an eagraíocht a bhaint amach. I gcás go ndéanfar brabúis a dháileadh nó a athdháileadh, ba cheart é sin a bheith bunaithe ar thosca rannpháirtíochta³⁵.

(c) tá struchtúir bhainistíochta nó úinéireachta na heagraíochta a chomhlíonfaidh an Conradh bunaithe ar phrionsabail úinéireachta nó rannpháirtíochta fostaithe nó ceanglaíonn siad rannpháirtíocht ghníomhach fostaithe, úsáideoirí nó geallsealbhóirí; agus

(d) ní dhéanfa an t-údarás conarthach lena mbaineann Conradh le haghaidh na seirbhísí lena mbaineann a dhámhachtain don eagraíocht de bhun an Airteagail seo laistigh de na trí bliana seo a chuaigh thart.

Ní mhairfidh aon chonradh 'forchoimeádta' níos mó ná trí bliana. Ag deireadh na tréimhse trí bliana, áfach, féadfaidh an soláthraí páirt a ghlacadh i bpróiseas tairisceana oscailte le haghaidh an tseirbhís a sholáthar.

Dar le Clarke agus Jakob (2016), déantar leis na Treoracha nua rannchuidiú mór maidir le feabhas a chur ar an gcreat le haghaidh soláthar poiblí inbhuanaithe agus, go háirithe, maidir le dul i ngleic le roinnt de na hathbhríonna dochracha a bhí ann maidir le critéir shóisialta.³⁶ Mar shampla, is amhlaidh leis na Treoracha go n-éascaítear údaráis chonarthaigh tosca sóisialta agus comhshaoil a chur ar áireamh sa phróiseas soláthair ar fad, i.e., féadfar iad a chur ar áireamh i gcritéir dhámhachtana anois (ar aon dul le rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh).

Ina theannta sin, féadfaidh údaráis chonarthaigh, nuair is indéanta, conarthaí a dhámhachtain i mbearta ar leith chun cabhrú le heagraíochtaí sochaí sibhialta, le frontair gheilleagair shóisialta agus le frontair bheaga agus mheánmhéide páirt a ghlacadh i soláthar poiblí (Airteagal 46).

35. Mar shampla, i gcás comharchumainn.


36. Clarke, P agus Jakob, C (2016) 'The new EU Directive on public procurement: a step forward for green and social public procurement', alt a d'fhoilsigh Aontas Eorpach na Seirbhíse Poiblí (EPSU), Nollaig 2016

Aguisín 2


Achoimhre ar Phróifíl na bhfiontar sóisialta

Seo a leanas achoimre ar thorthaí suirbhé ar fhiontair shóisialta a rinne an tÚdarás mar chuid d'ullmhúchán do chlár oiliúna agus meantóireachta Chlár Fiontraíochta Sóisialta na Gaeltachta (CFS-G) agus don straitéis seo. Bhí gach comharchumann agus eagrais forbarthapobail a fuair maoiniú ón Údarás agus ó ghrúpaí de chuid an Chláir Seirbhísí Pobail (CSP) sa Ghaeltacht san áireamh. Fuarthas 30 freagra san iomlán.

Contae a bhfuil na Fiontair Shóisialta lonnaithe



Struchtúr dlíthiúil



Bunaíodh os cionn leath (57%) de na fiontair shóisialta roimh 2020, agus bunaíodh os cionn trí cheathrú (77%) roimh 2010.


Fostaíocht

314 duine fostaithe nó lonnaithe i 28 bhfiontar sóisialta. Is fostaithe díreacha iad 41% díobh seo, agus tacaítear le 59% díobh trí chlár socrúcháin oibre (Fostaíocht Phobail, Scéim Shóisialta Tuaithe nó TÚS)

Maoiníonn an Clár Seirbhísí Pobail 97 folúntas sna 28 n-eagraíocht.

Aguisín

Ioncaim do 2019 (29 Freagróir)



Gníomhaíochtaí a thugann na fiontair shóisialta futhu

Ionad Pobail	Cúram don Aosach
Seirbhísí Turasóireachta	Spórt & Fóillíocht
Oideachas & Oiliúint	Seirbhísí do dhaoine faoi mhí-chumas
Spásanna oibre & fiontraíochta	Iompar Pobail
Timpeallacht	Athúsáid & Athchúrsáil
Na hEalaíona, Cultúr, & na Meáin	Fuinneamh inathnuaite
Cúram Leanaí	Bia & Lónadóireacht

Ioncaim thradáilte

Ioncaim thradáilte é

- níos lú ná 10 % den ioncam iomlán i gcás 11 de na fiontair shóisialta (38 %)
- idir 10 % agus 50 % den ioncam iomlán i gcás 14 de na fiontair shóisialta (48 %)
- os cionn 50 % den ioncam iomlán i gcás 4 de na fiontair shóisialta (14 %)

Na cúig dhúshlán is mó a shainaithin na fiontair shóisialta (in ord tábhachta)

- 1 Easpa foirne
- 2 Méadú ar chostais
- 3 Easpa caipitil
- 4 Easpa deontas
- 5 Comhlíonadh na rialachán



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Fón: 091-503100

Rphost: eolas@udaras.ie